NA MAIRBH

Ní rabh uain scíthe ag Lily, iníon an fheighlí. Nach mór a thúisce a thionlaic sí *gentleman* amháin sa gcuile mbeag mbuitléara laistiar den oifig aran bhun-urlár is a bhain a chóta mór de, ní túisce sin déanta aici ná buail cloigín cársánach an dorais sráide arís agus b'éigin di sodar síos an halla lom do ligean cuairteora eile isteach. Ara laghad ní rabh freastal na *ladies* uirthi freisin. Do chuimhníodar *Miss Kate* agus *Miss Julia* ar sin agus rinneadar seomra feistis na mban n-uaisle den tseomra folctha thuas staighre. Is ansin a bhádar Miss Kate agus Miss Julia, agus iad ag cabaireacht is ag gáire is ag fuirseadh, ag siúil i ndiaidh a chéile go ceann na staighre do ghliúcaíocht síos fúthu tharsna balastair agus do ghlaoch ar Lily fiafraí dhi cé a tháinig.

Ba oíche mhór é riamh, rince bliantúil na Miss Morkan.[1] Thagadh gach duine a rabh aithne aige orthu, idir ghaolta, sheanchairde den chlainn, bhaill de chór Julia, aon duine de pháistibh scoile Kate a bhaí fásta suas go leor anois, agus go fiú roinnt scoláirí Mary Jane. Níor theip air riamh. Bliain i ndiaidh bliana, d'éirigh go seó leis la cuimhne na ndaoine; ó d'fhágadar Kate agus Julia an dteach ar Bhóthar na gCloch agus ó thugadar Mary Jane, an t-aon neacht acu, dul chun cónaithe leo sa dteach nduairc gcaol in Oileán Uiséir i ndiaidh bhás a ndearthár Pat. Thógadar an dara n-urlár den toigh ar cíos ó Mr Fulham, an mórdhíoltóir gráinne aran bhun-urlár. Sin trocha bliain ó shin ara laghad. Ní rabh Mary Jane acht ina gearrchaile agan am. Anois ba uirthi ba mhó a rabh aghaidh na ndaoine, óir sheinneadh an n-orgán ar Bhóthar Haddington.[2] D'oileadh san *Acadamy* í agus chuireadh ceolchoirm na scoláirí ar bun i halla n-uachtarach na *Antient Concert Rooms* gach bliain.[3] Roinnt mhaith dá scoláirbh, ba de chlannaibh níos uaisle ósna tithibh aran líne traenach idir *Kingstown*[4] agus Deilginis dóibh. In ainneoin a n-aoise, dhéanaidís a hainteanna a gcion féin de dhualgas an óstaigh. Cé go rabh sí an-liath, ba phríomh-shoprán in *Adam and Eve's* í Julia i gcónaí, agus Kate, a bhaí craplaithe agan aois, thugadh sí ceachtanna ceoil d'fhoghlaimeoiribh aran tsean-phianó sa tseomra chúil. Lily, iníon an airígh, dhéanadh obair an chailín tí dhóibh. Má baí a maoin sách beag féin, baí dúil acu i mbia maith; an scoth de gach rud: stéigeacha caoldroma, tae trí scillinge agus na buidéil phórtair ab fhearr dá rabh. Acht b'annamh a chuaigh Lily amú sna hordaithibh grósaera agus réitigh go maith lana máistreása dá bharr. Bádar pointeáilte, sin an méad. Acht an t-aon rud nach seasfaidís, aisfhreagra.

Ar ndóigh baí cúis phointeáilteachta acu ara leithéid d'oíche. Anuas ar sin baí sé i bhfad i ndiaidh a deich a chlog agus fós ní rabh tásc ná tuairisc ar Gabriel agus ara mhnaoi chéile. Lana chos sin baí eagla orthu go dtagadh Freddy Malins agus é ara dhearg meisce. B'uafás leo go bhfeicidís scoláirí Mary Jane fo thionchar an óil é; agus nuair a bhíodh sé aran chaoi sin ba dheacair bhaint aon chirt de scaití. Thagadh Freddy Malins go han-déanach i gcónaí acht n'fheadradar céard a chuir moill ar Gabriel: agus sin a chuir iad ag sodar gosna balastair gach ré nóiméad do chur tuairisce Gabriel agus Freddy ar Lily.

"Ó, Mr Conroy," a deir Lily nuair a oscail an ndoras dó, "B'fhada la Miss Kate agus la Miss Julia do thuidheacht."

"Bíodh geall gurbh fhada," ar Gabriel, "acht tá dearmad déanta acu go gcaitheann mo bhean trí uaire fada an chlog á gléasadh."

Seas aran mata, ag scríobadh an tsneachta dá fhorbhrógaibh, agus Lily ag tionlacan a mhná go bun an staighre dho ghlaoch:

"Miss Kate, seo chugat Mrs Conroy."

Táinig Kate agus Julia go tuisleach sodarnach aníos an staighre aran toirt. Pógadar bean Gabriel araon, dúradar léi nárbh fholáir nó baí sí préachta lasan bhfuacht agus fiafraíodar di an rabh Gabriel ina teannta.

“Seo mé agus níl caill orm, a Aint Kate! Suas leat.

Coinnigh ag scríobadh a chos go bríomhar agus an triúr ban ag dul suas staighre go seomra feistis na mban agus ag gáire. Clóigh clúdach tearc sneachta la muin a chóta móir agus la barr a fhorbhróg mar a bheidís brádóg is bairbíní air; ar sleamhnú dena cnapaibh go díoscánach tre bhréid an chóta a baí stromptha agan tsneachta, scaoileadh aer fuar cumhra na hoíche ó logaibh is ó liopaibh.

“An bhfuil sé ag cur sneachta arís, Mr Conroy?” a fhiafraigh Lily.

Baí sí dulta roimhe sa gcuile dho chuidiú la baint a chóta dhe. Dein Gabriel gean gáire fon trí shiolla a chuir sí ara shloinne agus tug sracfhéachaint uirthi.[5] Ba chailín tanaí í a bhaí fós ag fás aníos. Baí lí bhán inti agus gruaig ar dhath an fhéir tirim uirthi. Méadaigh an solas gáis ara báine. Baí aithne ag Gabriel uirthi nuair a bhaí sí ina páiste agus shuíodh sí aran chéim is ísle ag muirniú bhábóg éadaigh.

“Tá, Lily,” a fhreagair sé, “agus measaim go bhfuil oíche dhe romhainn.”

Amhairc suas ar shíleáil na cuile, a bhaí ag creathadh la satailt is la scuabáil cos aran n-urlár lastuas de, éist ar feadh scaithimh lasan bpianó agus caith súil aran gcailín ansin, a bhaí ag filleadh a chóta móir go cúramach dho chur ar cheann seilfe.

“Inis dom, Lily,” ar sé i nguth gcuideachtúil, “an dtéir ar scoil i gcónaí?”

“Ó, ní dhéanaim,” a fhreagair sí. “Táim réidh la scolaíocht la breis is bliain anuas.”

“Ó, más eadh,” ar Gabriel go haerach, “is dóigh go mbeimid ag dul godo bhainis pósta lado stócach lá breá éigin amach anseo, há?

Caitheann an cailín súil siar thara gualainn air agus deir la domlas:

“Na fir atáid anois ann níl fúthu acht plámás leat agus tuidheacht i dtír ort.”

Dearg Gabriel fo mar a fheictí dhó go ndearna botún agus, gan amhairc uirthi, bain dhe a fhorbhróga agus scuab is lasc lana mhuifléad ara bhrógaibh snasleathair.

Fear óg téagartha sách ard ab é. Leath luisne dhearg nádúrtha óna leicnibh aníos agus dein baill bhándearga neamhchruinne anseo is ansiúd go fiú ara éadan; agus bádar spéaclaí á gcaitheamh aige ara aghaidh lom. Drithlídís na gloiní lonracha agus na himill ghealla órnite go corraitheach agus thugaidís dídean dá shúilibh beo mothálachaibh. Baí a ghruaig dhubh shlíoctha scoilte ina dhá leath ar lár agus scuabtha i gcuar bhfada go cúl a chluas, áit ar fhág a hata eang inti.

Iar smeachadh loinnreach ina bhróga seas sé suas agus tarraing a veist anuas gur cloí í níos dlúithe fós lana chorp beathaithe. Ansin bain bonn óna phóca go sciobtha.

“Ó Lily,” ar sé, ag brú é ina lámha uirthi, “tá an Nollaig orainn, nach bhfuil? ‘Sea... seo dúthracht bheag...”

Siúl de sciotán i dtreo an dorais.

“Arú, *sir*!” do ghlaoigh an cailín agus í sna sálaibh air. “Go deimhin féin, a dhuine uasail, ní ghlacfainn léi.”

“Aimsir na Nollag! Aimsir na Nollag!” a ghlaoigh Gabriel agus é nach mór ag sodar suas an staighre agus ag croitheadh a láimhe go diúltach uirthi.

Ag feiceáil don chailín gur shroich seisean an staighre, glaoigh air:

“*Well*, go rabh maith agat, *sir*.”

Fan sé la críochnú an *waltz* lasmuigh den pharlúis agus éist la scuabadh na sciortaí lasan ndoras ndúnta agus la scuabadh cos aran urlár. Baí sé fós tre chéile ag freagra gonta searbh an chailín. Do chuir sé smúit air agus cóirigh sé a chufaí is cuachóg a charbhait in iarracht a ruaigthe. Ansin bain duilleog bheag páipéir dá phóca veiste gur caith súil arna teidil a scríobh síos dá óráid. Baí fós idir dhá chomhairle fonaibh líntibh as Robert Browning mar baí faitíos air nach mbeth aithne aga lucht éisteachta orthu. B'fhearr dó lua focail éigin as Shakepheare nó asna *Melodies*[6] a n-aithneoidís. Meabhraigh claicearnach thútach sál na bhfear agus scuabadh mbonn a mbróg dó gur dhifriúil a ngrád oiliúna siúd óna oiliúint féin. Ceann do dhéanamh dhe féin, sin an t-aon toradh a bheadh ar thabhairt filíochta nach dtuigfidís. Cheapfaidís go rabh sé ag déanamh gaisce dá hoideas. Shuífeadh an dabhach air leo fo mar a teipeadh air lasan gcailín sa chuile. Do chuir sé an mblas mícheart ara óráid. Ba bhotúin í ó thús deireadh, ba chliseadh iomlán í.

Leis sin táinig a ainteanna agus a bhean ó sheomra feistis na mban. Beirt sheanbhan bheag gléasta i n-éadaibh gan scléip ab eadh a ainteanna. Baí Aunt Julia tuairim is orlach níos airde. Baí a gruaig tarraingthe siar go híseal thar bharr a cluas. Liath an dath uirthi. Liath freisin, chomh maith la scáthanna níos dorcha, an lí ina haghaidh mhór shleabhctha. Cé go rabh sí tathagach ceartseasmhach, a súile liosta agus an béal beagán ar oscailt aici, cuireadar an gcuma uirthi gur bhean nach fios di cá rabh sí nó cá rabh a triall. Baí Aunt Kate níos beoga. A haghaidh, a bhaí níos sláintiúla ná aghaidh a deirféar, baí lán de rocaibh, ar nós úill deirg seargtha, agus níor chaill a cuid gruaige, a bhaí tarraingthe siar i dtrilseáin seanaimseartha mar a bhaí gruaig a deirféar, níor chaill a dath donn lonrach.

Pógadar beirt Gabriel go ceanúil. Ba eisean a niadh ceanáin, mac a deirféar móire nár mhair, Ellen, a phós T.J. Conroy le *Port and Docks*.

“Deir Greta liom nach dtógthai carr ar ais go Baile na Manach anocht, Gabriel,” ar Aunt Kate.

“Ní thógfaimid,” ar Gabriel gur tug aghaidh cainte ara bhean, “baí ár leordhóthain de sin an bhliain seo caite, nach rabh? Nach gcuimhin leat, Aunt Kate, an ndearg-shlaghdán a tholg Gretta dá bhuíochas. Fuinneoga an chairr ag preabadh is ag gliogarnach go deireadh an aistir, agus an ghaoth anoir ag séideadh sa gcarr ó chuamar tharr Mhuirfinn i leith. An-aerach a bhaí sé. Tolg Gretta slaghdán uafásach.”

Táinig muc ar gach mala ag Aunt Kate agus claoin sí a ceann i ndiaidh gach focail.

“Is fíor duit, Gabriel, is fíor duit,” ar sí. “Ní mór faichill.”

“Acht la Gretta ansin,” a dúirt Gabriel, “siúlfadh abhaile fon tsneachta dá ligtí dhi.

Dein Mrs Conroy gáire.

“Ná tabhair aon aird air, Aunt Kate,” a dúirt sí. “Is mór an clipeadh é, idir spéaclaí frithdhallta glasa ar shúilibh Tom don oíche agus a chur ag caitheamh thromán lúith, agus cur iallach ithe leite ar Eva. An créatúirín! Agus is fuath léi í!... Ó, acht do bharúil cad do chuireas sé de dhualgas ormsa a chaitheamh orm anois!”

Dein sí scairteadh gáire agus tug sracfhéachaint ara fear, a bhaí ag breathnú la haoibhneas ara gúna, ara haghaidh, ara gruaig. Deineadar an dhís ainteanna gáire croíúil freisin, óir baí tathant Gabriel ina ábhar grinn acu.

“*Goloshes!*” a dúirt Mrs Conroy. “Sin an faisean is nua aige. Uair ar bith a bhíos braon báistí nó eile fo chois caithfead cur orm m’fhorbhróga. Iarr sé a gcaitheamh orm anocht go fiú amháin, acht ní chaithfinn iad. An céad-rud eile a cheannóidh sé dhom, culaith tumadóireachta.

Dein Gabriel gáire neirbhíseach is slíoc a charbhait agus Aunt Kate in arraingeachaibh ag gáire fon scéal. Níor mhair an gáire i bhfad ar Aunt Julia agus lonnaíodar a súile marbha ar dhreach a nia. Nuair a tháinig sos sa gcaint, dúirt:

“Agus céard is *goloshes*, Gabriel?”

“*Goloshes*, Julia!” a fhógair a deirfiúr. “A thiarcais, nach bhfuil a fhios agat céard is *goloshes*? Cuirtear ar ... chosa thardo bhróga, nach eadh, Gretta?”

“Sé, ar Mrs Conroy. “Nithe gránna atáid déanta as guma peirce. Tá péire againn beirt anois. Deir Gabriel go gcaithid na huile dhaoine iad aran mhór-roinn.

“Ó, aran mhór-roinn,” ar Aunt Julia de ghuth íseal agus í ag sméideadh a cinn go mall.

Cuir Gabriel grainc ina mhalaí agus dúirt, mar a bheth fearg air:

“Ní scéal mór grinn é acht baineann Gretta an-ghreann as mar, a deir sí, go gcuireann an focal sin na *Christy Minstrels* i gcuimhne dhi.”[7]

“Acht, inis dom, Gabriel,” a dúirt Aunt Kate la tuiscint is la stuaim. “Ar ndóigh, fuairis amach fon tseomra. Dúirt Getta...

“Ó, tá an seomra ceart go leor,” a fhreagair Gabriel. “Do thógas ceann sa *Gresham*.”[8]

“Cinnte,” ar Aunt Kate, “an rud is fearr do dhéanamh, gan aon agó. Agus na páistí, Gretta, nach bhfuil imní ort fúthu?”

“Ó, níl i gceist acht oíche amháin,” a dúirt Mrs Conroy. “Ar aon nós, tabharfaidh Bessie aire dhóibh.”

“Cinnte,” ar Aunt Kate arís. “Is mór an sólás daoibh cailín mar sin, cailín atá la trust! Maidir la Lily sin, n’fheadar céard a tháinig uirthi la gairid. Ní hí an cailín a bhaí ar chor ar bith.”

Baí Gabriel ar tí chur roinnt ceisteanna ara aint ina leith acht baí sí ag breathnú ara deirfiúr anois a d’imigh léi ara bealach síos an staighre a scrogaireacht tharsna balastair.

“Achainí oraibh,” agus rian den chantal ina glór, “cá bhfuil Julia ag dul? Julia! Julia! Cá bhfuil do thriail?”

Julia, a bhaí imithe leath-shlí síos staighre amháin, táinig ar ais gur fógair go leamh:

“Seo chugainn Freddy.”

Ansin díreadh chualathas bualadh bos agus fras deiridh an phianódóra a thugadar la fios go rabh an válsa críochnaithe. Osclaíodh doras an tseomra caidrimh ón taobh istigh agus tángadar roinnt daoine uaidh ina mbeirteannaibh. Tarraing Aunt Kate Gabriel i leataobh fo dhithneas go ndúirt i gcogar ina chluais:

“Gabh síos, Gabriel, maith an fear, féachaint an bhfuil sé ceart go leor, agus ná lig suas é má tá caochta. Táim cinnte go bhfuil sé caochta. Táim cinnte go bhfuil.”

Chuaigh Gabriel anonn gosan an staighre gur cuir cluas ar féin agna balastaraibh. Chuala sé beirt ag comhrá sa chuile. Ansin aithin sé gáire Freddy Malins. Chuaigh síos staighre go trostúil.

“Is eadh grá Dia dhúinn,” a dúirt Aunt Kate la Mrs Conroy, “Gabriel anseo. Maolaíonn m’imní nuair a bhíos seiseann anseo... Julia, sin Miss Daly thall agus tógfaidh Miss Powers deoch. Go rabh maith agat asdo válsa álainn, Miss Daly. Ba dheas an t-am is an luas aige.”

Fear ard crón rocach la croiméal ramhar bricliath aige a bhaí ag dul thar bráid lana chéile damhsa, dúirt:

“Agus an dtabharfá deoch dhúinne chomh maith, Miss Morkan?”

“Julia,” ar Aunt Kate go giorraisc, “agus seo Mr Browne agus Miss Furlong. Tabhair isteach iad, Julia, in éinfheacht la Miss Daly agus Miss Power.”

“Mise muirnín na mban,” a dúirt Mr Browne agus leath strainc gáire ara aghaidh rocach gur táinig colg ina chroiméal. “An bhfuil a fhios agat, Miss Morkan, an fáth go bhfuilid ar fad chomh ceanúil sin orm ná -”

Níor chríochnaigh a abairt acht, iar bhfeiceáil dó go rabh Aunt Kate as éisteacht, tug an dtriúir ban óg don chúlseomra aran toirt. Seasadar dhá thábla chearnógach taobh la taobh sa tseomra láir ara rabh Aunt Julia agus an feighlí ag réiteach is ag slíocadh scaraoide móire. Leagtha ar bhord sleasa bádar soithí is miasa, agus gloiní agus cuail sceana, forc is spúnóg. Baineadh feidhm as barr dúnta an phianó mar bhord billíní beadaí. Ag bord níos bige ná é i gcúinne den tseomra seasadar beirt fhear óg agus iad ag ól leann lusanna.

Tug Mr Brown a scata ban anonn agus tairg, la teann diabhlaíochta, puins ban dóibh, a bhaí te, láidir is milis. Ó dúradar nár óladar deoch mheisciúil riamh oscail seisean trí bhuidéal líomanáide dhóibh. Ansin iarr ar dhuine dena stócaibh seasamh de leataobh, gur rug aran dteisteán agus líon a ghloine go fial la huisce beatha. Breathnaíodar na fir óga go hurramach air agus é ag blaisínteacht air.

“Go bhfóire Dia orm,” ar sé agus meangadh gáire aire, “is é comhairle an dochtúra é.”

Leath an meangadh ara aghaidh rocach, agus deinneadar an triúr ainnir gáire araon lana fhocal grinn agus luascadar a gcorp anonn is anall agus gach aon chor dá ngualaibh la sceitimíní. Dúirt an ainnir ba dhána dhíobh:

“Ó, anois, Mr Browne, ní foláir nó níor thug an dochtúir comhairle dá shórt.”

Bain Mr Brown suimín eile asa fhuisce agus dúirt go plámásach:

“’Sea, an bhfuil ‘fhios agat, is ionann mé agus an Mrs Cassidy iomráiteach a gcuirtear ina leith go ndúirt: ‘Anois, Mary Grimes, mura dtógaim mé é, brúigh orm é, mar teastaíonn sé uaim.’”

Do chrom a cheann gortha chun tosaigh pas beag go ró-theanntásach chucu agus ghlac blas Átha Cliath an-íseal ara ghlór, sa dóigh gur tostadar na mná óga d’aon dúchas amháin agus nár thugadar freagra ar bith ara scéal. Miss Furlong, ar bhean de scoláiribh Mary Jane í, fiafraigh de Miss Daly ainm an válsa deas a sheinn sí; agus Mr Browne, iar bhfeiceáil go rabh cluas bodhar á tabhairt dó, tug aghaidh cainte aran bheirt stócach gan mhoill, a bhádar níos fabhraí leis.

Táinig bean óg dhearg-ghnúiseach i ngúna bláthbhreac sa seomra ag bualadh a bos go meidhreach agus ag scairt:

“Quadrilles! Quadrilles!”[9]

Baí Aunt Kate sna sálaibh uirthi. Glaoigh:

“Beirt fhear agus triúir ban, Mary Jane!”

“Ó, seo chugainn Mr Bergin agus Mr Kerrigan,” a dúirt Mary Jane. “Mr Kerrigan, an dtógfá Miss Power? Miss Furlong, an dtig liom fáil céile damhsa dhuit – Mr Bergin. Ó, déanfaidh sin cúis anois.”

“Triúir ban, Mary Jane,” a dúirt Aunt Kate.

Iarradar an bheirt stócach damhsa arna mnáibh, agus tug Mary Jane a haghaidh ar Miss Daly.

“Ó, Miss Daly, ba an-deas ar fad uait, an dá damhsa deireanacha a sheinnis, acht gan bréag ná magadh, is í an chaoi a bhfuil sé, táimid thar a bheith gann ar mhnáibh anocht.”

“Ní miste liom ar chor ar bith, Miss Morkan.”

“Acht tá céile maith agam duit – Mr Bartell D’Arcy, an teanóir. Cuirfead ag canadh é ar ball. Tá an-éileamh air in Áth Cliath.

“Guth álainn, guth álainn!” ar Aunt Kate.

Ó tosaíodh an céad-damhsa fo dhó aran phianó, tug Mary Jane a earcaigh óga léi go gasta ón tseomra. Is ar éigin féin a bhádar imithe nuair a tháinig Aunt Julia go mall-chosach sa seomra de sheachmall agus í ag amharc uaithi ina diaidh.

“Céard atá ort, Julia?” a cheistigh Aunt Kate go himníoch. “Cé atá ann?”

Julia, a bhaí beart naipcíní tábla ina baclainn aici, tug aghaidh ara dheirfiúr agus dúirt go simplí, mar a thagadh an cheist aniar aduaidh uirthi:

“Níl ann, Kate, acht Freddy, agus Gabriel ina theannta.”

Is amhlaidh go rabh Gabriel la feiceáil ag giollacht Freddy Malins trasna an léibhinn ceannstaighre. Fear óg tuairim is dhá fhichid bliain ab é siúd, ar chomhard agus ar chomh-thoirt la Gabriel, agus an-chromtha sna slinneánaibh. Ní rabh lí na fola ina aghaidh fheolmhar ar chor ar bith, cé is moite de bunannaibh liobarnacha a chluas agus den dá thaobh dá shróin leathan. Ba mhosach an aghaidh

aige la béal breallach inti agus la héadan dronnach a chlaon siar uaithi. A shúile troma agus aimhréidh a gruaige scáinte, cuireadar cuma an chodlata air. Baí sé ag scairteadh is ag búireadh gáire fo scéal grinn a d’eachtraigh do Gabriel aran tslí aníos agus cuimil a shúil chlé la hailt a dhoirn chlé fad an bhealaigh.

“Oíche mhaith isteach agat, Freddy,” a dúirt Aunt Julia.

Beannaigh Freddy Malins dona Misses Morkan ar nós cuma liom, shílfeá, mar gheall ar sceach ina scornach, rud ab iondúil leis, gur chonaic Mr Browne ag dradgháire leis ón bhord sleasa agus trasnaigh an seomra chuige go stámhailleach dho eachtrú de ghlór íseal an scéil a bhí tar éis a eachtraithe do Gabriel.

“Níl sé chomh dona sin, an bhfuil?” a dúirt Aunt Kate la Gabriel.

Bhí cuma ghruama ar Gabriel acht cuir an bpúic de go tapaigh do fhreagairt:

“Ó, is ar éigin féin a dtabharfá fo deara é.”

“Nach é an scabhaitéir é!” ar sí. “Agus bain a mháthair bhocht gealltanas de Oíche Chinn Bliana go séanfadh an ól. Acht tar uait, Gabriel, don tseomra suite.

Sular fhág an seomra la Gabriel, tug sí rabhadh dho Mr Browne la crapadh a malaí agus bla agairt dá méar. Sméid Mr Brown a cheann uirthi mar fhreagra, go ndúirt la Freddy Malins iar n-imeacht di:

“Anois, Teddy, líonfad gloine mhaith líomanáide dhuit dot athbheochan amháin féin.”

Freddy Malins, a bhaí buailte la buaic a scéil, dein neamhshuim mhífhoighneach den tairgeadh la bagairt dá láimh acht, nuair a bhaí aird Freddy Malins tarraingthe aige ar eireaball a léine ar liobarna, líon Mr Browne gloine go béal la líomanáid agus sín chuige í. Rug Freddy Malins aran ngloine ina lámh chlé gan smaoineamh faoi agus a lámh dheas ag dingeadh a léine fona bhríste mar a bheth inneall ann. Mr Browne, a bhaí strainc an gháire air arís, líon a ghloine féin la fuisce agus Freddy Malins ag pléascadh ar racht réamach gáire sula rabh a scéal grinn críochnaithe i gceart aige. Leag Freddy Malins an ngloine anuas gan blaiseadh aisti agus an leacht ag sceitheadh gach aon áit gur cuimil a dhorn clé siar is aniar ina shúil clé agus é ag dul siar arís ar fhocail asa abairt dheireanach trena racht gáire.

An píosa ceoil ón Acadamh a bhaí Mary Jane ag seinm, cuir samhnas ar Gabriel.

Ní ligfeadh an samhnas do Gabriel thabhairt cluaise aran n-aiste ceoil ón Acadamh a bhaí Mary Jane ag seinm don lucht fo thost sa tseomra caidrimh, arbh aiste ceoil í a bhaí lán de fhrasaibh agus de mhíreannaibh chastaibh. Taitin ceol leis acht níor cheolmhar leis an aiste a bhaí sise ag seinm agus níor dhóigh leis gur cheolmhar la duine ar bith eile dá lucht éisteachta, cé gur thathantaíodar ar Mary Jane seinm ceoil. Ceathrar fhear óg a thángadar sa ndoras ó sheomra na sólaistí dho éisteacht la fuaim an phianó, d’éalaíodar ina mbeirteannaibh tar éis cúpla nóiméad. Ba dhóigh nár thug duine ar bith aird aran cheol acht amháin Mary Jane féin, a rabhadar a lámha ag rince suas síos an méarchlár nó crochta osa chionn mar a bheidís méaracha bansagart i mbun ortha, agus Aunt Kate ina seasamh ina haice dho iompú na leathanach.

Súile Gabriel, a bhádar á ndalladh ag loinnir an urláir snasta fon chrunn mhór solais, lonnaíodar aran gcuid den bhalla os cionn an phianó. Crochta ansin bhaí canbhás de radharc na balcóine i *Romeo and Juliet* agus canbhás den bheirt phrionsa a dúnmharaíodh sa Túr[10] ar oibrigh Aunt Julia in

olannaibh dheargaibh, ghormaibh agus dhonnaibh nuair a bhaí ina girseach. Is dóigh gur múineadh an sórt seo ceirde bliain amháin sa scoil ar fhreastalaíodar uirthi agus iad ina ngirseachaibh. Do chniotáil a mháthair bástcóta corcra *tabinet*[11] dó mar bhronntanas breithlá ina oibrigh cloigne sionnach la líneáil donn sróil agus la cnaipí cruinne maoildeirge air. Ait nach rabh bua an cheoil aga mháthair i ndiaidh go ndeireadh Aunt Kate gurbh ise a thug léi an n-eagna cinn i gclainn na Morkan.

Baí sí féin agus Julia sách bródúil asa ndeirfiúr stuama údarásach riamh, shílfeá. Baí grianghraf di fon scáthán phiara.[12] Baí leabhar ar oscailt ina gabhal aici agus baí sí ag síneadh méire ar rud éigin ann ar Constantine do bhí ina luí aga cosaibh agus í gléasta i gculaith *man-o'-war*.[13] Ise dho roghnaigh ainmneacha a mac mar bhí an-bheann aici ar dhínit an teaghlaigh. A bhuíochas uirthise dho bhí Constantine ina ard-shéiplíneach i mBaile Brigín anois, agus a bhuíochas uirthise dho bhain Gabriel féin a chéim onórach amach asan Ollscoil Ríoga. Rith scáil thara dreach ar chuimhneamh dhó ara cur in aghaidh stuacánaigh dá phósadh. Goilleadar fós air cúpla focal tarcaisneach dho chaith sí air; uair amháin chuir sí i leith Gretta go raibh gliceas na tuaithe inti, agus níorbh fhíor sin ar chor ar bith i gcás Gretta. Ba Gretta do thug aire dhi tria liostachas fada deiridh go léir ina dtigh i mBaile na Manach.

Tuig sé go raibh Mary Jane ag druidim la deireadh a dréacht ceoil mar bhí an séis tosaigh á seinm aici arís agus frasa scála i ndiaidh gach barra ann. Maolaigh an domlas ina chroí istigh agus é ag fanacht lasan ndeireadh. Críochnaigh an aiste la fras ochtaigh tribile agus la hochtach deireannach doird. Tugadh bualadh bos mór do Mary Jane. Dearg agus bailigh sí a cuid ceoil go cúthail gur éalaigh ón tseomra. An ceathrar stócach sa doras a d'imíodar don tseomra bídh ag tús an cheoil agus a thángadar ar ais nuair a stop an pianó, is iad a thug an mbualadh bos ba mhó.

Cuireadh rince *Les Lanciers* ar bun.[14] Cuireadh Gabriel la Miss Ivors. Bean óg chainteach ab í nach rabh de nós aici dul ar chúl scéithe la scéal. Baí aghaidh bhreicneach agus súile móra donna aici. Ní rabh cabhail la muineál íseal á caitheamh aici agus baí suaitheantas Gaelach agus manna Gaelach sa dealg a bhaí fostaithe i lár a bráid.

Nuair a sheasadar ina n-áit don rince, dúirt sí gan frapa gan taca:

"Tá gréasán la réiteach agam leatsa."

"Liomsa?" do dúirt Gabriel.

Sméid sí a ceann go tromchúiseach.

"Céard é?" ar Gabriel la meangadh sollúnta.

"Cé hé G.C.?" a fhreagair Miss Ivors ag cur a súl tríd.

Dearg Gabriel agus baí ar tí chur púice ina mallaí dho ligean air féin nár thuig, nuair a dúirt sí go neamhbhalbh:

"Ó, Amy shoineanta! D'fhionnas go scríobhair don *Daily Express*.[15] Anois, nach bhfuil náire ort?"

"Cad ina thaobh a mbeth náire orm?" a cheistigh Gabriel ag iarraidh dhéanamh mheangadh gáire agus na fabhraí ag broidearnach air.

"*Well*, cuirir náire ormsa," a dúirt Miss Ivors amach. "Rá go scríobhair do pháipéar mar sin. Níor shíleas gur Sheán Buí thú.

Táinig dreach an mhearbhaill ar Gabriel. B’fhíor go scríobhadh colún liteartha aran Chéadaoin don Daily Express, asa íoctaí chúig scilling déag é. Acht ní dhearna sin Séan Buí dhe, shílfeá. Ba mhó a mheas arna leabhraibh a d’fhaigheadh sé dho léirmheas ná aran tseic shuarach, nach mór. B'aoibhinn leis cuimilt na gclúdach ar leabhraibh nuaibh agus iompú na nduilleog díobh. Beagnach gach aon lá, tar éis a chuid obair léachtóireachta sa choláiste, thugadh siúl síos na gcéanna gosna hathdhíoltóirí leabhar, go teach Hickey ar Shiúlán Bhaitsiléir, go teach Webb nó teach Massey ar Ché Aston, nó go teach O’Clohissey sa chúlsráid. Níor léir dó cén freagra dho thabhairt ara líomhain. Ba mhaith leis rá léi gurbh os cionn na polaitíochta í an litríocht. Ba chairde iad lasna blianta aníos agus b’ionann a ngairm, san ollscoil ar dtús agus ansin mar léachtóirí: ní leomhfadh sé focal mustrach léi. Lean an bhroidearnach súl agus meangadh an gháire cotaidh dhe agus dúirt sé trena fhiacla nár pholaitiúil leis scríobh léirmheasanna leabhar.

Nuair a tháinig a seal dul i leataobh baí sé fós trena chéile. Rug Miss Ivors go beoga croíúil ar lámh air agus dúirt de ghlór lách mhuinteartha:

“Go deimhin, is ag diabhlaíocht a bhíos. Gabh i leith, trasnaímid anois.

Iar dtuidheacht la chéile arís dóibh labhair sí fo cheist na hOllscoille agus maolaigh ar mhíshuaimhneas Gabriel. Do thaispeáin cara léi a léirmheas ar dhántaibh Browning di. Sin an dóigh a fhionnaigh an rún: acht taitin an léirmheas go mór léi. Ansin dúirt gan choinne:

“Ó, Mr Conroy, an dtiocfair ar turas go hOileánrach na Gaillimhe linn an samhradh seo? Táimid ag dul do fhanacht ar feadh míosa iontu. Beidh sé go breá amuigh san [Aigéan] Atlantach. B’fhiú dhuit tuidheacht. Beidh Mr Clancy ag tuidheacht, agus Mr Kilkelly agus Kathleen Kearney.[16] B'aoibhinn do Gretta é freisin dá dtagadh. Is as Connachtaibh dhi, nach eadh?”

“A muintir is eadh is as dóibh,” ar Gabriel go grod.

“Acht tiocfair, nach tiocfair?” ar Miss Ivors agus í ag leagan a láimhe gortha go díograiseach ara lámhsa.

“Is amhlaidh,” a dúirt Gabriel, “go bhfuil sé díreach leagtha amach agam dul go-”

“Dul cén áit?” a cheistigh Miss Ivors.

“’Sea, go hiondúil téimid don Fhrainc nó don Bheilg nó b’fhéidir don Ghearmáin,” ar Gabriel go hanásta.

“Agus cad chuige a théir chun na Fraince agus na Beilge,” a deir Miss Ivors, “i leaba thabhairt cuairte ardo thír féin?”

“*Well*, ar Gabriel, “cúis amháin is eadh cleachtadh na dteangacha, agus cúis eile, athrú aeir.”

“Agus nach bhfuil do theanga féin la cleachtadh agat – an Ghaeilic?” a cheistigh Miss Ivors.

“*Well*, ar Gabriel, “más mar sin an scéal, ní headh an Ghaeilicse mo theanga, bíodh a fhios agat.”

Do thugadar na damhsóirí in aice leo aghaidh éisteachta aran gceastóireacht. Dein Gabriel speiceáil imníoch aran dá thaobh dhe agus dein a dhícheall choinneáil an mheoin shéimh ab iondúil leis in ainneoin na féachana a bhaí á cur air, arbh fhéachaint í do thosaigh ag baint lasta asa éadan.

“Agus nach bhfuil do thír féin agat la dul ar turas inti,” a dúirt Miss Ivors agus í ag leanúint air, “tír a bhfuilir dall uirthi, do chine féin, agus do thír féin?”

“Ó, la hinsint na fírinne dhuit,” a chaitheas Gabriel gan frapa gan taca, “táim bréan demo thír féin, bréan di!”

“Cén fáth?” a fhiafraigh Miss Ivors.

Níor fhreagair Gabriel mar baí corraithe agan spalla dheireanach a chaith.

“Cén fáth?” a dúirt Miss Ivors arís.

Níor mhór dóibh dul ar cuairt la chéile agus, ó nár thug sé freagra uirthi, dúirt Miss Ivors go cairdiúil:

“Ar ndóigh, níl freagra agat.”

Damhsaigh Gabriel go spreacúil do cheilt a chorraíola. Seachain a súile siúd mar chonaic an místá uirthi. Acht nuair a bhuaileadar lana chéile arís sa tslabhra fhada damhsóirí rug sí ar lámh air gan choinne. Breathnaigh sí go fiosrach air fá mallaibh ar feadh scaithimh go ndearna seisean meangadh gáire. Ansin, go díreach agus an slabhra ar tí bogtha arís, chuaigh ar bharraicíní na gcos agus dúirt i gcogar ina chluais:

“Seán Buí!”

Ag deireadh rince na lansaí imigh Gabriel go cúinne an tseomra, áit a rabhadar Freddy Malins agus a mháthair ina suí. Seanbhean gheal-liath mhórchnámhach anbhann ab í. Baí glothar ina glór mar a bhaí i nglór a maic agus baí stad beag inti. Dúradh léi go rabh Freddy ann agus go rabh bail shásúil go leor air. Fiafraigh Gabriel di an rabh turas réidh thar muir anall aici. Baí sí ina cónaí in aontíos lana hiníon agus lana fear siúd i nGlaschú agus thagadh ar cuairt go hÁth Cliath uair sa bhliain. Freagair sí go leamh go rabh turas álainn aici agus gur thug an captaen aire na huibhe dhi. Labhair fon tigh álainn aga hiníon i nGlaschú freisin, agus fon iomad cairde a bhaí acu ansin. Agus í ag salmaireacht léi, dein Gabriel iarracht chur asa chionn na cuimhne gránna ar fad den eachtra la Miss Ivors. Ar ndóigh, ba dhíograiseoir an bhean, nó an cailín, pé dhíobh í, acht níorbh am ná tráth na díograise seo. B’fhéidir nár chóir dó tabhairt freagra mar sin uirthi. Acht ní rabh sé de cheart aici cur Séan Buí air os comhair an tsaoil, go fiú ar son grinn. Do thriall sí déanamh cheap magaidh dhe i súilibh na ndaoine, tre cheastóireacht agus tre chur a súl coinín tríd.

Chonaic sé a bhean ag déanamh air tresna cúplaí damhsóirí. Iar dtuidheacht ina láthair di cuir cogar ina chluais:

“Gabriel, d’fhiafraigh Aunt Kate díom nach ngearrfair an ngé mar is iondúil leat. Gearrfaidh Miss Daly an liamhás agus tabharfadsa fon mharóg.

“Tá go maith,” ar Gabriel.

“Cuirfidh sí an gcúigear malrach chun boird ar dtús a thúisce is a bheas an válsa seo thart sa dóigh go mbeidh an tábla againn féin.”

“Ar damhsaís?” a fhiafraigh Gabriel.

“Damhsaíos, cinnte. Nár fhacas mé? Céard ab achrann leat la Molly Ivors?

“Achrann ar bith. Cén fáth. An ndúirt sí go rabh?”

“Rud éigin aran chaoi sin. Táim ag tathant ar Mr D’Arcy gabháil fhoinn. Tá sé lán de féin, sílim.”

“Ní rabh achrann ann.” ar Gabriel go tógálach, “acht go rabh sí ag iarraidh orm dul ar turas go hiarthar na hÉireann agus dúras nach rachainn.

Fáisc a bhean a dhá lámh la chéile la háthas agus dein léim beag aran spota.

“Ó, téigh, Gabriel, a impigh. “Ba bhreá liom blaiseadh na Gaillimhe arís.”

“Tig leatsa dul ann má thograír,” ar Gabriel go doicheallach.

Féach sí air ar feadh ala, gur tug aghaidh cainte ar Mrs Malins agus dúirt:

“Sin fear céile maith dhuit, Mrs Malins.”

Agus í ag déanamh a bealaigh tresan slua ar ais trasna an tseomra, lean Mrs Malins, beag beann aran chur isteach ara caint, lean uirthi ag ríomh do Gabriel áilleacht na n-áiteanna in Albain agus áilleacht na tírdhreacha. Thugadh a cliamhain iad chun na lochanna dho iascaireacht gach aon bhliain. Rug ar iasc mhór bhreá lá amháin agus réitigh fear an óstáin é dá ndinnéar.

Is ar éigean féin a thug Gabriel a caint siúd fo deara. Anois agus an suipéar anuas orthu chuaigh ar staidéar fá óráid agus fon athfhriotal inti. Ag feiceáil Freddy Malins ag tuidheacht gona mháthair dó fág Gabriel a chathaoir fo réir dó agus éalaigh go clúid na fuinneoga. Baí formhór na ndaoine imithe ón tseomra cheana féin agus baí clagarnach plátaí agus sceana la cloisteáil sa tseomra chúil. Iad siúd a bhádar fós sa pharlús, bádar tuirseach den damhsa de réir cosúlachta agus bádar ag comhrá la chéile i mbaiclibh mbeagaibh. Méaracha creathacha te Gabriel, buaileadar pána fuar na fuinneoige. Nach fionnfhuar a bheadh an aer lasmuigh! Nach breá taitneamhach a bheadh sé siúl leis féin amach ann, síos an abhainn ar dtús agus ansin tresan bpáirc! Bheadh an sneachta ina luí ar chraobhachaibh na gcrann agus bheadh ina chlúid gheal ar mhullach leacht Wellington. Nach i bhfad níos taitneamhaí a bheadh sé amuigh ansin ná ag bord an tsuipéir!

Chuaigh siar ar theidil a aithisc: flaithiúlacht na nÉireannach, cuimhní maoithneacha, An Trí Suáilce,[17] *Paris*,[18] an t-athfhriotal ar Browning. Dúirt sé leis féin an bhfrása a scríobh sé ina léirmheas: “tá sé mar a mbeiteá ag éisteacht la ceol na meabhrach cráite.” Do Mhol Miss Ivors an léirmheas. An rabh sí dáiríre? An rabh saol ar bith dá cuid féin aici taobh thiar dá bolscaireacht ar fad? Ní rabh cnámh spairne dá laghad eatarthu riamh ren oíche sin. Cuir sé lagsprid air smaoineamh go mbeadh sise agan tábla, ag dearcadh suas air lana súile cáinteacha caidéiseacha agus é ag caint. B’fhéidir nárbh olc léi dá dteipeadh ara aitheasc. Buail smaoineamh é agus tug ugach dhó. Déarfadh sé, mar thagairt do Aunt Kate agus do Aunt Julia: “a dhaoine uaisle, b’fhéidir go rabhadar a lochta féin agan ghlúin atá ag imeacht uainn anois, acht is í mo thuairim go rabh mianach na flaithiúlachta, an ghrinn, na daonnachta inti, tréithe atá de dhíth aran ghlúin nua an-duairc agus an-oilte ar fad atá ag fás aníos timpeall orainn de réir mar a fheictear domsa.” An-mhaith: sin ceann don Iníon Mhic Ivor. Cad é sin dó nach rabh ina ainteannaibh acht beirt sheanbhean ainbhfiosacha?

Tarraing monabhar cainte sa tseomra a aird. Baí Mr Browne ag tuidheacht ón doras agus é ag tabhairt Aunt Julia go galánta isteach. Baí sise ag baint taca asa láimh, aoibh an gháire uirthi is a ceann cromtha fúithi. Lean bualadh bos briste a tuidheacht chomh fada lasan bpianó mar a bheth muscaedaíocht comórtha á tionlacain, gur maolaigh ansin de réir a chéile agus Mary Jane ag suí aran stól agus Aunt Julia, nach rabh aoibh an gháire uirthi níos mó, ag tiontú siar beagán dho

theilgeadh a gutha sa seomra. Aithin Gabriel an réamhdhréacht. Ba sheanamhrán ag Aunt Julia é- Cóirithe don Bhainis.[19] Ionsaigh sí na ruthaig a mhaisid an fhoinn go fuinniúil de ghlór ghlan ghlinn láidir, agus cé gur ghabh an bhfonn la luas lasrach, níor lig an nóta maise ba lú ar lár. Leanúint an ghlóir ag gabháil an fhoinn gan amhairc ar dhreach an amhránaí, ba gheall é la gluaiseacht mhear bheacht tresan n-aer. Tug Gabriel bualadh bos mór agus lig na gáirthe molta in aoinfheacht lasna doíni eile ag deireadh an amhráin agus táinig moladh glórmhar sa seomra ón tábla proinne bhéal dorais.

Taibhsigh an moladh chomh fíor dílis gur tarraing dath ar éigin i lí Aunt Julia agus í ag cromadh dho athshuí sa seastán ceoil an tseanleabhair amhrán go gclúdach leathair a rabhadar ceannlitir a hainm is a sloinne scríofa air. Freddy Malins, a thug cluas don amhrán la sleabhac éisteachta air, baí sé ag bualadh bos i gcónaí agus gach aon duine eile éirithe as, agus baí ag labhairt go tógtha lana mháthair. Sméid sise a ceann go mall tromchúiseach leis mar ghéilleadh dhá dhíocas. I ndeireadh na scríbe, nuair nach rabh acmhainn bhualadh bos aige níos mó, seas go grod agus tug ruathar fo Aunt Julia trasna an tseomra gur rug a lámh ina dhá lámh, dá creathadh nuair nár thángadar na focail leis nó nár lig an sceach ina scornach na focail leis.

“Dúras lamo mháthair anois beag,” ar sé, “nach rabhais chomh maith sin riamh liom ag gabháil fhoinn. Arú, ní rabh do ghlór chomh binn sin riamh is atá anocht. Anois! An gcreidfeá sin anois? Sin an fhírinne. Armo bhriathair is armo onóir sin an fhírinne. Ní rabh do ghlór chomh fuinniúil ná chomh... chomh glan agus fuinniúil, riamh.”

Leath an gáire ar Aunt Julia agus dúirt sí rud éigean ós íseal fon mholadh agus í ag scaoileadh a láimhe óna lámhaibh siúd. Sín Mr Browne bos ina treo ag rá leo siúd i ngiorracht dó, mar a dhéanadh fear seó ag tabhairt óig éachtaigh aige os comhair an lucht féachana dhó:

“Miss Julia Morkam, an fhionnachtain is déanaí agam!”

Baí sé ag gáire go croíúil fo seo é féin nuair a thug Freddy Malins aghaidh air agus dúirt:

“Sea, Browne, más i ndáiríre ataoi d’fhéadfá déanamh fionnachtana níos measa. Ó mo thaobhsa dhe níor chualas guth leath chomh maith sin uaithi riamh fad is atáim ag tuidheacht anseo. Agus sin lom na fírinne.”

“Ná mise acht oiread,” ar Mr Browne. “Measaim gur fheabhsaigh a glór go mór.”

Croith Aunt Julia gualainn agus dúirt la bród cúthail:

“Tríocha bliain ó shoin ní rabh caill armó glór i dtaca la glórtha dhe.”

“Is minic a dúras la Julia,” ar Aunt Kate go diongbháilte, “go rabh sí dá cur amú sa chóir sin. Acht ní éistfeadh sí liom riamh.”

“*Well*, nach in onóir Dé atá sé, Aunt Kate?” a cheistigh Mary Jane la meangadh gáire iar dtiontú timpeall ar stól an phianó dhi.

Tug Aunt Kate aghaidh ara neacht de thaghd do rá:

“Tá cleachtadh is taithí agam ar onóir Dé, Mary Jane, acht ní fheicim onóir ar bith ón Phápa i mbriseadh na mban asna córaibh, mná a chaitheadar a saol ag sclábhaíocht don chór, do chur dailtíní ina n-áit. Is dóigh liom gur ar mhaithe lasan n-eaglais é má dhéanann an Pápa é. Acht níl sé cóir, Mary Jane, agus níl sé ceart.”

Baí sí oibrithe fon am seo agus leanfadh ar sheasamh cheart a dheirféar mar ba chneá oscailte aici é acht iar bhfeiceáil do Mary Jane go rabhadar na damhsóirí go léir dulta chun boird, dein idirghabháil síochánta:

“Anois, Aunt Kate, táir ag tógáil scannail orainn os comhair Mr Browne a théas lasan gcreideamh eile.

Tug Aunt Kate aghaidh ar Mr Browne, do raibh cár gáire air fon tagairt dá chreideamh, do rá go deifreach:

“Ó, tá an ceart agan Phápa i gcónaí agus nílim ag caitheamh amhrais ar sin. Níl ionamsa acht seanbhean óinsiúil agus ní leomhfainn déanamh a leithéide de rud. Acht tá dea-bhéas daonna is gnáth-bhuíochas i gceist mar sin féin. Agus dá mba Julia mise déarfainn suas la béal an Athar Healey...

“Agus ar aon nós, Aunt Kate,” a dúirt Mary Jane, “tá an-ocras orainn uile agus nuair a bhíos ocras orainn uile bíonn an-chantal orainn uile.”

“Agus nuair a bhíos tart orainn bíonn cantal orainn freisin,” a chuir Mr Browne isteach.

“Mar sin ní mór dúinn dul chun proinne,” a dúirt Mary Jane, “agus leanúint den díospóireacht ina diaidh.”

Aran léibheann cheann staighre táinig Gabriel ara bhean agus ar Mary Jane agus iad ag tuineadh la Miss Ivors fanacht don tsuipéar. Acht ní fhanfadh Miss Ivors, a rabh a hata curtha ara cionn aici agus a bhaí ag dúnadh cnaipí a fallainge. Ní rabh ocras dá laghad uirthi agus d’fhan tharsan n-am a bhaí beartaithe aici cheana féin, a dúirt sí.

“Deich nóiméad féin, Molly, a dúirt Mrs Conroy, “Ní cuirfidh sin moill ort.”

“Do itheadh greama féin,” a dúirt Mary Jane, “d’aithle an oiread rince a rinnis.”

“I bhfírinne, ní thig liom,” ar Miss Ivors.

“Ia eagal liom nár thaitin an oíche leat go beag ná go mór,” ar Mary Jane la díomá.

“Arú, bainis, geallaim duit,” ar Miss Ivors, “acht caithfir mo ligean chun bealaigh anois.”

“Acht conas bainfir an mbaile amach?” a iarr Mrs Conroy

“Ó, níl sé acht dhá choiscéim suas an ché.”

Dein Gabriel dóbartaíl ar feadh nóiméid go ndúirt:

“Má ligfir dom, Miss Ivors, tabharfad abhaile thú más amhlaidh go bhfuil ort imeacht.”

Dealaigh Miss Ivors leo áfach.

“Ní ligfead,” ar sí go tréan. “As ucht Dé téighí isteach do bhur bproinn agus ná buairighidh bhur gceann fúmsa. Táim breá ábalta déanamh as dom féin.”

“Go deimhin, is barrúil an cailín tusa, Molly,” a dúirt Mrs Conroy go hoscailte.

“Beannacht libh,” a ghlaoigh Miss Ivors [as Gaeilic] thara gualainn la gáire agus í ag rith síos an staighre.

Lean Mary Jane í dá súilibh agus dreach uascánta uirthi, agus luigh Mrs Conroy tharsan ráille dho éisteacht la doras an halla. N’fheadair Gabriel arbh é féin ba chionsiocair lana himeacht gan choinne. Acht ní rabh cuma bhuartha uirthi: baí sí ag gáire ar imeacht di. Stán sé go dall uaidh síos an staighre.

Seo Aunt Kate ag sodarnaíl isteach ón tseomra suipéir, ag fáscadh na lámh in éadóchas acht beag.

“Cá bhfuil Gabriel?” ar sí la práinn. “Cá bhfuil Gabriel fon spéir? Táid na huile dhaoine ag fanacht istigh ansin ar tinneall, agus gan duine ar bith la gearradh na gé!”

“Anseo mé, Aunt Kate!” ar Gabriel de gheit, “réidh la gearradh scata géanna, más gá.”

Baí gé dhonn ramhar suite ar chionn amháin an tábla agus aran chionn eile dhe, suite ar pháipéar rufach go gasaibh peirsile, baí liamhás mór ar baineadh an gcraiceann de agus ar croitheadh grabhróga aráin air. Baí rufa néata páipéir uma spanla agus baí spóla mairtfheola spíosraithe lana thaobh. Idir an dá cheann seo a bhádar i gcomórtas lana chéile, bádar fomhiasa leagtha amach i rangannaibh: dhá shoitheach glóthaí, glóthach dearg agus glóthach buí: mias éadomhain lán de bhlocaibh *blancmange* agus de shubh dhearg, mias mhór ghlas ar déanamh duilleoige go gcluais ar déanamh gais, a rabhadar triopaill fíonchaor dearg agus almóinní scilte uirthi, mias tionlacain ara rabh dronuilleog thathagach d’fhigibh *Smyrna*, mias custaird go screamh noitmige scríobhtha, scála beag seacláidí agus milseog fo fhillteogaibh de dhath óir agus airgid agus cuach inar sheasadar cúpla gas ard soilire. I lár an tábla, mar a bheidís dís ghardaí chosanta iontu do mhias torthaí a choinnigh pirimid oráistí agus úll Meiriceánach, seasadar dhá theisteán téagartha seanfhaiseanta déanta as gloine shnoite. Baí pórtfhíon i dteisteán amháin díobh agus seiris dhorcha sa teisteán eile. Suite aran phianó chearnach dhúnta baí maróg ollmhór i soitheach mór mbuí agus ar fuireachas taobh thiar di bádar trí rang buidéal pórtair agus leanna agus deochanna glasa, a bhádar eagraithe aran phianó de réir dathanna a n-éide – dubh a bhádar an dá rang chun tosaigh, go lipéidibh donnaibh agus deargaibh, bán a bhaí an rang ar gcúl arbh é an rang ba lú, go saiseannaibh glasaibh thara nguaillí agna buidéalaibh ann.

Tóg Gabriel a shuíochán go misniúil ag chionn an bhoird agus, iar n-amhairc ar fhaobhar na scine feola dhó, sá a fhorc go diongbháilte sa ngé. Baí istigh ann féin anois óir ba ghearrthóir feola oilte é agus níorbh fhearr leis rud ar bith fon spéir acht beith ar chionn boird lán la bia.

“Miss Furlong, céard a chuirfead chugat?” a iarr sé. “Sciathán nó stiall den bhrollach?”

“Miss Higgins, céard fútsa?”

“Ó, cuir chugam rud ar bith, Mr Conroy.”

Agus Gabriel is Miss Daly ag malartú mias gé agus mias liamháis agus mairtfheola spíosraithe, chuaigh Lily thart ó aoi go haoi la mias prátaí teo úra fo naprún bhán. Ba Mary Jane a smaoinigh ar sin. Do Mhol anraith úill la haghaidh na gé freisin acht dúirt Aunt Kate go rabh gé rósta shimplí gan anlann úll sách maith dhise riamh agus baí súil aici nach n-ithfeadh níos measa ná sin riamh. Freastal Mary Jane ara scoláiríbh agus cinntigh go bhfuaireadar na stiallacha ab fhearr agus oscail Aunt Kate agus Aunt Julia agus rugadar ón phianó na buidéil pórtair agus leanna dona fearaibh agus na buidéil ghlasa dona mnáibh. Baí neart tranglaim agus gáire agus calláin, gleo na n-iarrataí agus

na bhfrith-iarrataí, cleatráil sceana is forc, corc agus stopallán gloine. A thúisce a fhreastal sé ar gach aon duine don chéad-bhabhta, tosaigh Gabriel ag gearradh arís dóibh siúd a theastaigh tuilleadh uathu, gan riaradh air féin. Cuir gach aon duine ina choinne sin agus dá bhrí sin táinig seisean ar réiteach as baint sloig fada as leann dubh óir ba bhrothallach air é an gearradh. Do shocraigh Mary Jane síos chun boird acht baí Aunt Kate agus Aunt Julia ag spágáil thart fon bhord i gcónaí agus iad sna sáilibh ara chéile, ag dul sa mbealach ara chéile agus ag tabhairt ordaithe dá chéile nár ghlac ceachtar díobh. Impigh Mr Browne orthu suí síos do ithe a suipéar agus dein Gabriel amhlaidh acht dúradar go rabh neart ama la haghaidh sin sa dóigh gur, fo dheireadh, seas Freddy Malins suas, rug ar Aunt Kate agus caith síos ina cathaoir í, rud a bhain gáire asan chomhluadar.

Nuair a fuair na huile dhaoinne a sáith dúirt Gabriel, agus aoibh an gháire air:

“Anois má tá aon duine ag iarraidh tuillidh den rud a chuirid an daoscarshlua búiste air, labhraíodh sé nó sí anois.”

Tathantaíodar itheadh a shuipéir féin air d’aon ghuth agus táinig Lily chuige la trí prátaí a chuir sí de leataobh dhó.

“Tá go maith,” a dúirt Gabriel go suáilceach, gur bain slogóg eile, “déanaighidh neamhshuim iomlán díom, a fheara is a mhná, go ceann cúpla nóiméad.”

Crom ara shuipéar agus níor ghlac páirt sa chomhrá agus Lily ag bailiú na mias.

Ba é an t-ábhar cainte an compántas ceoldráma a bhaí sa *Theatre Royal* agan am sin. Mr Bartell D’Arcy, an teanór, arbh fhear óg crón go gcroimbéal bpointeáilte é, mol an bpríomh-chontralt go haer acht ba bheagán comónta a stíl léirithe, dar la Miss Furlong. Dúirt Freddy Malins go rabh taoiseach *negro* ina amhránaí sa dara chuid den *Gaiety pantomime* a rabh guth aige a bhaí ar chionn dena guthnnaibh teanóir is fearr dár chuala riamh.

“Ar chualais é?” a fhiafraigh sé de Mr Bartell D’Arcy trasna an tábla uaidh.

“Níor chualas,” a fhreagair Mr Bartell D’Arcy ar nós cuma liom.

“Mar,” a mhínigh Freddy Malins, “anois bheadh suim agam i do bharúil de. Sílim go bhfuil guth breá aige.”

“Is é Teddy an buachaill chun fhionnadh na sár-thréithe, a dúirt Mr Browne go teanntásach lasan gcomhluadar uile.

“Agus cén fáth nach mbeadh guth aigesean freisin?” a cheistigh Freddy Malins go drisíneach. “An é mar nach bhfuil ann acht bleaic?”

Níor thug duine ar bith freagra aran cheist seo agus tarraing Mary Jane aird an chomhluadair ar ais aran fhíor-cheoldráma. Do thug scoláire aici, thug ticéad do *Mignon* di. Ar ndóigh baí an ceoldráma an-mhaith, a dúirt sí, acht cuir Georgina Burns bhocht i gcuimhne dhi. Baí sé d'acmhainn ag Mr Browne dul níos faide siar fós, arna compántais Iodálacha a thagaidís go hÁth Cliath – Tietjens, Ilma de Murzka, Campanini an Trebelli mór, Giuglini, Ravelli, Aramburo. Sin an aimsir, ar sé, a rabh ní a gcurfá amhránaíocht air in Áth Cliath. Inis freisin go mbíodh líon lán áiléir sa tsean-*Royal* oíche i ndiaidh oíche, gur chan teanór Iodálach *Let mé like a Soldier fall* chúig bhabhta eile agus gur thosaigh le C géar gach uair, agus eachtraigh sé gur stócaigh an áiléir, scoraidís na capaill de chóiste prima donna mór la rá éigin dá tarraing trisna sráideanna gona hóstán scaití as fiuchadh fonn. Cén

fáth nár chuireadar na sean-cheoldrámaí móra ar bun riamh anois, a cheistigh sé – Dinorah, Lucrezia Borgia? Mar nach rabh tuidheacht arna guthannaibh a chanfaidís iad: sin an fáth.

“Ó, ar ndóigh,” a dúirt Mr Bartell D’Arcy, “Déarfainn go bhfuilid amhránaí la fáil inniu atáid chomh maith lasna hamhránaí a bhaí ansin.”

“Cá bhfuilid?” a cheistigh Mr Browne go dúshlánach.

“I Londain, i bPáras, i Milan,” ar Mr Bartell D’Arcy go cairdiúil. “Déarfainn go bhfuil Caruso, mar shampla, chomh maith la fear ar bith ar luais, mura bhfuil níos fearr ná gach aon díobh.”

“B’fhéidir go bhfuil,” ar Mr Browne. “Acht deirim leat nach dóigh liom é ná baol air.”

“Ó, thabharfainn rud ar bith chun cloisteála Curusa ag canadh,” a dúirt Mary Jane.

“Ó mo thaobhsa dhe,” a dúirt Aunt Kate, a bhaí ag piocadh cnáimhe go nuige sin, “ní rabh ann acht teanór amháin. Is é sin, teanór amháin a thaitin liom. Acht is dóigh liom nár chuala duine ar bith dhíobh é.”

“Cérbh é, Miss Morkan?” a fhiafraigh Mr Bartell go múinte.

“Parkinson,” ar Aunt Kate, “ab ainm dó. Chualas é nuair a bhaí ina shea agus measaim gur aigesean a bhaí an guth teanóir is glaine ar cuireadh i scornach fir riamh.”

“Ait,” ar Mr Bartell D’Arcy. “Níor chualais trácht air riamh.”

“Sé, sé, tá an ceart ag Ms Morkan. Is cuimhin liom gur chualas é acht tá seisean i bhfad rófhada siar domsa.

Teanór álainn glan binn séimh Sacsanach,” a dúirt Aunt Kate go fonnmhar.

Ó bhaí Gabriel críochnaithe anois, aistríodh an maróg gosan mbord. Tosaigh cleatráil na bhforc is na spúnóg asan nua. Dáil bean Gabriel an maróg amach agus cuir na miasa síos an tábla. Leathbhealach síos cuir Mary Jane moill orthu dho chur glóthach sú craobh nó oráiste leo nó bánghlóthaí agus suibhe leo. Aunt Julia a rinne an maróg agus moladar na huile dhaoine é. Dúirt sise nach rabh sí baileach sách donn.

“Más é, Miss Morkan,” a dúirt Mr Brown, “tá súil agam go bhfuilimse sách donn duit mar, bíodh a fhios agat, táimse donn amach is amach.”

Itheadar na fir ar fad, seachas Gabriel, cuid den mharóg in ómós Aunt Julia. De bhrí nach n-itheadh Gabriel milseoga riamh, cuireadh soilire fona choinne. Tóg Freddy Malins gas soilire freisin agus ith in aoinfheacht lana mharóg. Dúradh leis go rabh soilire thar cheann don fhuil agus baí sé fo chúram dochtúra díreach agan am seo. Dúirt Mrs Malins, a bhaí ina tost trisan suipéar ar fad, dúirt go mbeadh a mac ag dul síos go Cnoc *Melleray*[20] i gceann seachtaine nó mar sin. Labhraíodar an comhluadar fo Chnoc *Melleray* ansin: moladar úire an aeir thíos ansin agus fáilte na manach nár iarradar pingin rua óna n-aíonnaibh.

“An bhfuilthi ag maíomh, a fhiafraigh Mr Browne la hiontas, “gur féidir la diúlach dul síos ansin do chur faoi mar a bheth óstán ann do thuidheacht i dtír ar mhéith na talún agus imeacht leis ansin gan íoc rud ar bith as?”

“Ó tugaid formhór na ndaoine tabhartas éigin airgid don mhainistir dá ndeoin féin ag imeacht dóibh,” a dúirt Mary Jane.

“Faraor nach bhfuil foras mar sin inár n-eaglais féin,” ar Mr Browne go hoscailteach.

Baí an dubhiontas air nuair a chuala nach labhraídís na manaigh riamh, go n-éirídís aga dó a chlog ar maidin agus go dtéidís do luí ina gcónraí.[21] Fiafraigh cad chuige a dhéanaidís é.

“Sin riail an oird,” ar Aunt Kate go diongbháilte.

“Sea, acht cad chuige?” a fhiafraigh Mr Browne.

Dúirt Aint Kate arís gurb í sin an riail, sin an méad. Ba chosúil nár thuig Mr Browne. Mínigh Freddy Malins dó chomh maith agus a tháinig leis, gurbh iarracht cúitimh é arna peacaibh uile a rinneadar peacaigh uile an domhain lasmuigh. Níor léir ar fad an míniú óir dein Mr Browne draidgháire agus dúirt:

“Is aoibhinn liom an smaoineamh sin acht nach ndéanfadh leaba compordach sprionga dhóibh chomh maith céanna la cónra?

“Is í is cúis lasan gcónra,” a dúirt Mary Jane, “meabhrú a n-éaga dhóibh.”

Ó bhaí an t-ábhar cainte éirithe duairc tit an comhluadar fo thost trenar chualathas Mrs Malins ag rá de chogar dhoiléir lasan nduine ina haice:

“Fir an-mhaithe, na manaigh, fir an-chráifeacha.”

Leis sin cuireadh thart na fíonchaora tíortha, na halmóinní, na húlla, na horáistí, na seacláidí agus na milseoga agus tairg Aunt Julia pórtfhíon ná seiris dá haíonnaibh. Diúltaigh Mr Bartell D’Arcy ceachtar díobh ar dtús acht tug duine ina aice sonc beag dá uillinn dó agus cogair rud éigin leis gur glac sé la deoch. Maolaigh an comhrá de réir a chéile agus na gloiní á líonadh. Lean tost nár briseadh acht la torann an fhíona agus la corraí cathaoireacha. Na Misses Morkan, an triúir díobh go léir, díríodar a súile aran scaraoid thíos fúthu. Dein duine éigin casacht nó dhó agus tosaíodar cúpla fear ag bualadh boise go héadrom aran dtábla mar chomhartha ciúnais. Tit an ciúnas gur brú Gabriel siar a chathaoir.

Ardaigh torann na mbos aran tábla leis sin dá ghríosú agus ansin stop ar fad. Lig Gabriel a dheich méar gcreathach anuas aran scaraoid agus dein fáthadh neirbhíseach gáire lasan gcomhluadar. Agus na huile dhaoine osa chomhair ag breathnú air dearc sé suas aran chrann solais. Baí válsa á sheinm aran phianó agus cluin sciortaí ag scinneadh thar doras an tseomra caidrimh. B’fhéidir go mbeidís daoine ag seasamh sa tsneachta aran ché lasmuigh, ag amharc suas arna soilse sna fuinneogaibh agus ag éisteacht lasan gceol válsa. Baí páirc i bhfad ar siúil uaidh ina rabhadar na crainn fo ualach sneachta. Baí caidhp lonrach sneachta ar Leacht Wellington a chaith solas siar thar tailte geala na gCúig nAcra Déag.

Tosaigh sé:

“A dhaoine uaisle,

“Tá dualgas an-taitneamhach orm anocht, mar a bhaí sna bliantaibh a chuadar thart, acht tá faitíos orm nach leor mo chumas bocht mar óráidí dhó ar chor ar bith.”

“Is leor, cinnte!” a dúirt Mr Browne.

“Acht, bíodh sin mar atá, iarraim oraibh cur i suim fhonn an ghnímh seachas an ghnímh féin, agus tabhairt cluaise dhom ar feadh chúpla nóiméad agus mé ag iarraidh curtha i bhfocail a bhfuil i mo chroí istigh aran ócáid seo.

A dhaoine uaisle, ní seo an chéad-uair a chruinníomar la chéile fo fhraitheacha an tí fhéil seo, timpeall an bhoird fhéil seo. Ní hí an chéad-uair a rabhamar inár n-ábhar fáilte, nó b’fhéidir go mba cirte dhom rá, a rabhamar inár n-íobartaigh fáilte, ag mnáibh uaislibh áirithibh.

Dein sé comhartha ciorcail lana lámha agus tit dá thost ar feadh nóiméid. Deineadar na huile dhaoine gáire fo Aunt Kate agus Aunt Julia agus Mary Jane, nó meangadh gáire leo, gur dheargadar siúd go bun na gcluas la ríméad. Lean Gabriel air go dána:

“Is daingne mo bharúil la gach bliain a théas tharainn nach bhfuil nós ag ár dtír arb oiread onóir di agus ar cheart dúinn a chaomhnú lasan n-oiread sin díocais ná a flaithiúlacht. Is nós ar leith é i náisiúnaibh ár linne de réir mo thaithí (agus tá cuid mhaith den domhan siúlta agam). Déarfaidís roinnt daoine gur mó an locht orainn í ná an díol bróid dúinn. Acht más locht féin sin, is uasal an locht í, agus tá súil agam go gcothóimid í mar thréith ionann go ceann i bhfad. De rud amháin, ara laghad, táim cinnte. A fhad a bheid na mná uaisle a luas fo fhraitheachaibh an tí seo – agus is é mian mo chroí go mba amhlaidh é go bliain i ndiaidh bliana fós – mairfidh nós na flaithiúlachta croíúla Éireannaí ar thugadar ár sinsir dúinn agus a chaithfimidne tabhairt dár sliocht mar an gcéanna, mairfidh an nós seo inár measc.”

Chuaigh monabhar molta croíúla tresan gcomhluadar. Rith sé la Gabriel nach rabh Iníon Mhic Imhair i láthair agus gur imigh go drochbhéasach: go ndúirt sé go teann as féin:

“A dhaoine uaisle,

Tá glúin nua ag fás aníos inár measc, glúin atá gríosaithe ag smaointibh agus ag prionsabalaibh nuaibh. Glacann sí na smaointí nua seo uirthi féin la tromchúis agus la díocais, agus go fiú nuair a bhíos dul amú uirthi, tá sí, creidim, dáiríre den chuid is mó. Acht tá ré shoinicúil orainn agus, má mhaithi an bhfrása dhom, is ré í atá céasta agan iomad smaointe: agus scaití bíonn faitíos orm go raibh an ghlúin nua, oilte nó thara bheith oilte mar atá, go raibh sí ar easpa na dtréithe daonnachta, fáilte agus grinn cairdiúla a bhaineadar lasan seanaimsir. Ag éisteacht dom anocht la hainmneacha na n-uile amhránaithe ón tseansaol, feictear dom, caithfead do rá, gur lú an fhairsinge againn sa tsaol ina bhfuilimid anois. D’fhéadfaí, gan áibhéil, saol fairsing do chur aran seansaol úd: agus más imithe é ó chuimhne na ndaoine, bímis i ndóchas, ara laghad, go labhróimid faoi ag airneánaibh mar seo la bród agus la cion, go mbeidh áit inár gcroí istigh dona marbhaibh móraibh úd nach ligfidh an domhan a gcáil i ndearmad go fonnmhar.

“Abair é!” a dúirt an tUasal de Brún in ard a ghutha.

“Acht mar sin féin,” a lean Gabriel de ghuth níos séimhe, “ag airneánaibh mar seo buailid smaointí maoithneacha sinn i gcónaí: cuimhní aran am atá thart, aran óige, arna hathruithibh a thángadar ar an saol, ar dhaoinibh nach bhfuilid linn anocht a n-áirímid uainn iad. Tá ár saol breac la cuimhní maoithneacha mar iad: agus dá machnaímis orthu i gcónaí ní bheadh sé de mhisneach againn coinneáil orainn lanár ndualgais i measc na mbeo. Táid dualgais laethúla orainn agus tá cion againn ar dhaoinibh a mharaid nach mór dúinn déanamh ár ndíchill ara son, agus is ceart agus is cuí sin.

Dá bhrí sin, ní labhród níos mó fon am atá thart. Ní bhrúfad seanmóireacht ghruama oraibh anocht. Táimid tagtha lana chéile anseo ar feadh seala gairid ó fhurú agus ó fhuadar ár ngnáthshaoil. Táimid

cruinnithe la chéile anseo mar chairde, go cairdiúil muinteartha, mar chomhghleacaithe, agus ar bhealach, de bhrí agus d'aigne na fíor-chomrádaíochta, mar aíonna do – céard do chuirfead orthu? - Trí Shuáilcí ceoil Átha Cliath."

Pléasceadar na huile dhaoine ar gháire agus ar bhualadh bos fon tagairt. Fiafraigh Aunt Julia den duine aran dá thaobh dhi, duine ar dhuine, céard a dúirt Gabriel acht níor fhreagraíodar.

"Deir sé gur sinne an Triúr Suáilcí, a Aint Julia," ar Mary Jane.

Níor thuig Aunt Julia acht tug aghaidh gháireach suas ar Gabriel a lean air sa stíl chéanna:

A dhaoine uaisle,

Ní thriallfad gabháil na páirte a ghabh *Paris* ar ócáid eile.[22] Ní shílfead baint rogha astu. Do chothódh sin éad agus ba bheart tharmo chumais lochtaigh é. Mar nuair a dhearcaim orthu duine ar dhuine, pé dhíobh ár mbean tí féin, a bhfuil a croí maith, a croí ró-mhaith ina scéal béil acu siúd a bhfuil aithne uirthi, nó a deirfiúr, ara bhfuil bua na hóige marthanaí uirthi de réir cosúlachta agus ab ábhar iontais dúinn go léir a hamhránaíocht anocht, nó, ar deireadh, agus cá mbeimis gan í, nuair a smaoiním arár mbanóstach is óige, atá tréitheach, suáilceach, díograiseach agus ar togha neachta í, caithfead admháil, a dhaoine uaisle, nach feadar cé dhíobh ba cheart dom bronnadh na duaise uirthi."

Caith Gabriel súil síos ara hainteanna agus, iar bhfeiceáil dó aoibh mhór an gháire ar Aunt Julia agus súile fliucha Aunt Kate, deifrigh chun clabhsúir. Ardaigh a ghloine pórtfhíona go taibhseach agus gach duine ag méirínteacht lana ghloine agus ag súil lana rabh la tuidheacht, go ndúirt sé de ghuth ard:

"Ólaimis sláinte an triúir díobh. Go raibh sláinte, saibhreas agus saol fada acu, go raibh sonas agus rath orthu, go maire cáil a ngairme do thuilleadar dóibh féin agus go maire a n-áit onórach inár gcroíthibh go ceann i bhfad."

Seasadar na haíonna go léir suas, gloine ina láimh acu, gur tugadar a n-aghaidh aran dtriúr ban uasal ina suí, do chanadh d'aon ghuth, agus Mr Browne ina chionn feadhna orthu:

Mar is iad togha na mban n-uasal,
Mar is iad togha na mban n-uasal,
Mar is iad togha na mban n-uasal,
Rud nach bhfuil a shéanadh ann.

Bain Aunt Kate feidhm fhlúirseach asa ciarsúr agus baí cuma mhaoithneach go fiú ar Aunt Julia. Buail Freddy Malins am an amhráin lana fhorc maróige agus tugadar na hamhránaithe aghaidh ara chéile mar a bheidís ag aontú lana chéile gur leagadar béim arna focail:

murar bréag an séanadh féin,
murar bréag an séanadh féin,

Ansin, iar dtabhairt a n-aghaidhe ar ais ar a n-óstaigh:

Mar is iad togh na mban n-uasal,
Mar is iad togh na mban n-uasal,
Mar is iad togh na mban n-uasal,
Rud nach bhfuil a shéanadh ann.

Leanadh den amhrán mholta lasmuigh de dhoras an tseomra bídh la roinnt dena haíonnaibh eile agus deineadh athrá air arís agus arís, agus Freddy Malins á stiúradh lana fhorc in airde aige

---

Táinig aer nimhneach na maidine sa halla ina rabhadar ina seasamh agus deir Aunt Kate:

“Dúnadh duine éigin an ndoras. Tolgfaidh Mrs Malins galar a báis ón fhuacht.”

“Tá Browne amuigh ansin, Aunt Kate,” ar Mary Jane.

“Tá Browne i gach uile áit,” ar Aunt Kate ós íseal.

Dein Mary Jane gáire fona glór íseal.

“I bhfírinne,” dúirt sí go follasach, “tá sé an-gharúil.”

“D'fhreastail ar gach aon uain chaidrimh anseo i gcaitheamh na Nollag ar fad, chomh flúirseach lasan gcóir gáis.”

Déanann sise gáire dea-mhéineach ansin go gcuireann go gasta leis sin:

“Acht abair leis tuidheacht isteach, Mary Jane, do dhúnadh an dorais. Nár lige Dia gur chuala sé mé.”

Ansin díreach osclaíodh an doras agus tagann Mr Browne isteach ón leac dorais lasmuigh agus shílfeá go bhfaigheadh taom croí lana racht gáire. Baí cóta mór fada uaithne go gcufaibh agus go gcába de fhionnadh *astrakhan* bréagach uime agus baí boinéad ubhach fionnaidh á chaitheamh ara chionn aige. Bagair aran ché fo bhrat sneachta síos uaidh óna dtáinig fuaim pholltach feadaíola isteach chucu.

“Beid na huile cabanna in Áth Cliath tagtha anuas orainn ag Teddy,” a deir sé.

Tagann Gabriel aniar ón chuile laistiar den oifig agus é ag tarraingt a chóta mhóir air agus ag breathnú thart air sa halla, go ndeir:

“Níl Gretta tagtha anuas go fóill?”

“Tá sí á gléasadh féin, Gabriel,” ar Aint Kate.

“Cé atá ag seinnt thuas ansin?” a fhiosraíos Gabriel.”

“Duine ar bith. Táid go léir imithe.”

“Ó Nílid, Aunt Kate,” a deir Mary Jane. “Níl Bartell D’Arcy agus Miss O’Callaghan imithe fós.”

“Tá duine éigin ag pleidhcíocht lasan bpianó ar aon nós,” ar Gabriel.

Caitheann Mary Jane súil ar Gabriel agus ar Mr Browne go dtéann crith tríthi agus deir:

“Amharc aran mbeirt díobh agus sibh fon iomad cumhdach sin, a fheara, cuireann sé fuacht orm. Níor mhaith liom tabhairt fon turas abhaile agaibhse agan uair seo.”

“Níl rud ar bith dob fhearr liom anois díreach,” a deir Mr Browne go teaspúil, “ná siúlóid bhreá bhríomhar fon tuath nó marcaíocht mhear la heach éasca idir na seaftaí.”

“Do bhíodh capall an-mhaith agus cairt againn sa bhaile,” a deir Aunt Julia go maoithneach.

“Johnny. Ní dhéanfar dearmad go brách air,” a deir Mary Jane de gháire.

Deineadar Aunt Kate agus Gabriel gáire freisin.

“Cén fáth, céard a bhaí suntasach fo Johnny?”, a fhiafraigh Mr Browne.

“Patrick Morkan, beannacht Dé lana anam, is é sin, ár n-athair mór,” a mhínigh Gabriel, “arbh fhear aithne air mar ‘an seanfhear uasal’, ba dhéantóir gliú é.”

“Á leag as, Gabriel,” ar Aunt Kate de gháire, “baí muileann stailce aige,”

“*Well*, gliú nó stailc,” a deir Gabriel, “baí capall darbh ainm Johnny agan tseanfhiur uasal. Agus d'oibríodh Johnny i muileann an tseanfhir uasail. Do shiúladh timpeall an mhuilinn arís agus arís eile á thiomáint. Baí sin go maith agus ní rabh go holc; acht seo chugainn an taobh tragóideach de scéal Johnny. Lá n-aon togair an seanfhear uasal tiomáint fo phoimp agus fo ghairéad go léirbhreithniú sa pháirc.”

“Go ndéana an Tiarna trócaire ara ainm,” ar Aint Kate go hatruaghach.

“Áiméan,” a deir Gabriel. “Mar sin an seanfhear uasal, mar a dúras, cuir sé Johnny fo chairt agus cuir air [féin] an hata ard ab fearr aige agus an bóna ab fearr aige gur tiomáin amach fo mhaingléis mhór ó thigh mhór a mhuintire áit éigin gar don Lána Cúil, sílim.”

“Á anois, Gabriel, ní chónaíodh sé sa Lána Cúil, i ndáiríre. Is é an muileann amháin a bhaí ansin.”

“Amach as thigh mhór a mhuintire,” a lean Gaibriéil, “a thiomáin sé Johnny. Agus éirigh gach aon rud go seó go leagann Johnny súil ar dhealbh King Billy: agus pé dhíobh ar tit i ngrá lasan n-each ara suíos King Billy nó ar síl go rabh ar ais arís sa mhuileann, ar aon nós tosaíonn ag siúl timpeall na deilbhe.”

Siúlann Gabriel thart i gciorcal lana fhorbhróga sa halla agus baineann gáire as cách.

“Timpeall agus timpeall a théas,” ar Gabriel, “agus an seanfhear uasal, ar sheanfhear uasal an-phostúil é, baí sé le ceangal. ‘Gabh ar aghaidh, *sir*! Céard tá faoi seo agat, *sir*? Johnny! Johnny! Is dochreidte an t-iompar seo! Ní thuigim an gcapall!”

An rachtaíl gháire a bhain geáitsíocht Gabriel astu, cuireadh isteach uirthi la cnag trom ar dhoras an halla. Rith Mary Jane soir dá oscailt agus lig Freddy Malins isteach. Baí a hata tite i bhfad siar ar chionn Freddy Malins, baí cruit air la fuacht agus baí sé ag séideogacht agus gal uaidh i ndiaidh a shaothair.

“Ní bhfuaireas acht aon chab amháin,” ar sé.

“Ó, aimseoimid ceann eile aran tslí síos an ché dhúinn,” ar Gabriel.

“Ceart aige,” a dúirt Aunt Kate. “Ná choinneoimis Mrs Malins ina seasamh fon tsiorradh fhuar seo.”

Tugadh Mrs Malins síos na céimeanna ón doras sráide lana mac agus la Mr Browne, gur sádh in airde sa gcab í tar éis neart ionramhála. Dreap Freddy Malins ina diaidh gur caith tamaill fada dá soipriú sa gcathaoir agus Mr Browne á chomhairliú do chabhrú leis. Cuireadh fo réir í fo dheireadh agus tairg Freddy Malins do Mr Browne dul sa gcab leo. Leag an tiománaí a shúsa thara ghlúine agus crom síos do cheistiú an tseolta dhíobh. Méadaíodh aran n-easordú agus tug Freddy Mallins agus Mr Browne treoracha éagsúla óna chéile don tiománaí, a cheann sáite amach fuinneog an chairr agan bheirt díobh. Ba í an fhadhb, cá scaoilfí la Mr Browne aran tslí, agus dein Aunt Julia agus Mary Jane neart gáire agus tugadar treoracha ó leac an dorais do chuidiú lasan n-aighneas, treoracha a chuadar salach ara chéile agus a chuireadar in aghaidh a chéile. Maidir la Freddy Malins, imigh an chaint air ag gáire. Sac a cheann amach an bhfuinneog agus tarraing isteach é gach ré nóiméad, a hata i mbaol a thite aige, do insint dá mháthair éirim na cainte, gur béic Mr Browne ar an dtiománaí mbocht os cionn ghleo an gháire ar fad:

“An bhfuil fhios agat cá bhfuil Coláiste na Tríonóide?”

“Tá, *sir*,” ar an tiománaí.

“Mar sin, stop díreach os comhair gheataí Choláiste na Tríonóide,” agus inseoimid duit ansin cá rachair. Tuigir anois?

“Tuigim, *sir*,” ar an tiománaí.

“Tarraing caol díreach ar Choláiste na Tríonóide.”

“Tá go maith, a dhuine uasail,” ar an tiománaí.

Gabhadh den fhuip aran an n-each dá chur ar siúl agus imigh an carr de chleatráil síos an gcé agus gach aon gháire agus cheiliúradh dá chéile ón chomhluadar.

Níor chuaigh Gabriel gosan ndoras leo. Baí sé ina sheasamh in áit dhorcha den halla ag stánadh aníos an staighre. Baí bean ina seasamh gar de bharr an chéad-reatha staighre. Fo scáth a bhaí sise freisin. Ní fheiceann sé a haghaidh acht feiceann na paistí *terracotta* agus bándearg-an-bhradáin dá gúna a gcuireas an dorchadas cuma dhubh agus bhán orthu. A bhean chéile a bhaí ann. Baí ag ligean a meáchain arna ráillíbh, ag éisteacht la rud éigin. Ba ionadh la Gabriel nach rabh cor aisti agus cuireann sé cluas la héisteacht air féin freisin. Acht is beag a chloiseann, cé is moite d’fhuaim an gháire agus na cainte ar chéimeannaibh an dorais sráide, corr-nóta pianó agus giotaí de ghuth fir a bhaí ag gabháil fhoinn.

Seasann sé i ndorchadas an halla gan corraíl ag iarraidh aithint an fhoinn a bhaí an glór ag canadh agus é ag dearcadh aníos ara mhnaoi. Baí grásta agus diamhracht fona hiompar mar a bheadh sí ina samhailchomhartha ar rud éigin. Ceistigh sé dhe féin céard is samhail de mhnaoi ina seasamh sa dorchadas ar staighre agus í ag éisteacht la ceol i gcéin. Dá mba péintéir é dhéanfadh canbhás di agus an ghoic sin uirthi. A hata gorm feilte, chuirfeadh barr maise ar dhath cré-umha a cuid gruaige agus dhéanfaidís paistí dorcha a gúna codarsnacht lasna paistí geala. Ciancheol a chuirfeadh sé aran gcanbhás dá mba phéintéir é.

Dúnadh an doras sráide; agus táinig Aunt Kate, Aunt Julia agus Mary Jane aníos sa halla agus iad ag gáire i gcónaí.

“*Well*, nach é an diabhail an Freddy sin?” do deir Mary Jane. “Is é an diabhail féin é.”

Ní deir Gabriel focal acht bagraíonn ara mhnaoi thuas staighre lana mhéar. Anois agus an doras sráide dúnta baí an glór agus pianó níos soiléire. Iarrann Gabriel tost orthu lana lámh. Baí an t-amhrán den tsean-tonúlacht Éireannach, shílfeá, agus shílfeá nár thángadar na focail go héasca lasan n-amhránaí agus nach rabh muinín aige asa ghlór féin. An glór, a chuir an t-achar fada agus an piachán aran amhránaí cuma chaointeach air, léirigh an bhfonn ar éigin la focail bróin:

> Ó, titeann an bhaisteach ar m’fholt trom
> Agus fliuchann an drúcht mo chneas,
> Fuair é mo leanbh...

“Ó,” a deir Mary Jane la hiontas. “Bartell D’Arcy atá ag gabháil fhoinn agus ní thoillfeadh oiread agus amhrán amháin do ghabháil an oíche ar fad. Ó, bainfead amhrán uaidh sula n-imí sé.”

“Ó déan é, Mary Jane,” ar Aint Kate.

Scuabann Mary Jane tharstu ag rith gosan staighre dhi, acht sula sroicheann é stopann an amhránaíocht agus dúntar an bpianó de phlab.

“Ó, nach é an feall é!” ar sí la díomá. “An bhfuil sé ag tuidheacht aníos, Gretta?”

Cloiseann Gabriel a bhean ag freagairt “tá” agus feiceann í ag tuidheacht aníos chucu. Cúpla céim taobh thiar di baí Mr Bartell D’Arcy agus Miss O’Callaghan.

“Ó, Mr D’Arcy,” is crua uait stopadh mar sin agus muid fo néal aoibhnis agat.”

“Bhíos ag impí air i rith na hoíche go léir,” a deir Miss O’Callaghan “agus Mrs Conroy liom agus dúirt sé linn go rabh deargshlaghdán air agus nach rabh acmhainn aige gabháil fhoinn.

“Ó, Mr D’Arcy,” a deir Aint Kate, “anois sin scaits éithigh uait.”

“Nach bhfeicir go bhfuil glór préacháin agam la ciach?” a deir Mr D’Arcy go borb.

Imigh sé de sciotán sa bpantrach do chuir a chóta móir uime. Bhain a focal borb stad asan chomhluadar eile. Níor tháinig focal comhrá la duine ar bith. Cruinnigh Aint Kate a malaí agus bagair orthu caitheamh san n-aer é mar scéal. Seas Mr D’Arcy ag filleadh scairfe uime go cáiréiseach agus grainc ina éadan.

“An aimsir is cúis leis,” a dúirt Aunt Julia, tar éis achar tosta.

“Sí, tá slaghdán ar gach aon duine,” a dúirt Aunt Kate go héasca, “gach aon duine.”

“Deirid,” ar Mary Jane, “nár chaith sé an oiread seo sneachta la deich mbliana is fichid anuas: agus léas sna páipéaraibh ar maidin go bhfuil an sneachta forleathan ar fud na hÉireann.”

“Is breá liom an sneachta,” a dúirt Aunt Julia go maoithneach.

“Agus mise leat,” a dúirt Miss O’Callaghan. “Measaim nach bhfuil sé ina Nollaig i gceart go bhfuil brat sneachta aran talamh.”

“Acht ní maith la Mr D’Arcy bocht an sneachta,” a dúirt Aint Kate la fáthadh an gháire.

Táinig Mr D'Arcy aniar ón chuile agus é cuachta agus fáiscthe fo éadaibh tromaibh, gur inis fáth a shlaghdáin dóibh i nglór aithríoch. Tugadar na huile dhaoine comhairle dhó ag rá dhóibh gur mhór an trua é agus ag tathant air seachaint a scornaí ar aer fhuar na hoíche. Dearcann Gabriel ara mhnaoi chéile, nach nglacann páirt sa chomhrá. Baí sí ag seasamh fo léas dheannachúil solais an fhuinneog dorais. Las solas an gháis dath cré-umha a gruaige, a rabh sí ag triomú cois na tine cúpla lá roimhe seo. Baí an ghoic chéanna uirthi agus ba chosúil go rabh sí beag beann aran chomhrá ina haice. Casann sí agus tugann a haghaidh orthu sa deireadh go bhfeiceann Gabriel go rabh dath ina grua agus go rabh loinnir ina súilibh. Brúchtann aon tuile amháin áthais óna chroí.

"Mr D'Arcy," a deir sí, "céard is teidil don fhonn sin a ghabhais?"

"*The Lass of Aughrim*[23] is teidil dó," ar Mr D'Arcy, "acht ní rabhadar na focail agam go beacht. Cad ina thaobh? An aithnír é?"

"The Lass of Aughrim," ar sí in athuair. "Dhearmadas an n-ainm."

"Is deas an fonn é," a dúirt Mary Jane. "Is trua liom nach rabh do ghlór agat anocht."

"Anois, Mary Jane," a dúirt Aunt Kate, "ná cuir olc Mr D'Arcy. Ní ligfead a bhuaireamh d'aon duine."

Ag feiceáil di go rabh gach aon duine ar tí bainte amach, stiúir sí don dorus iad agus fágadar ceiliúradh dhá chéile.

"Sea, oíche mhaith agat, Aunt Kate, agus go raibh maith agat as airneán taitneamhach."

"Oíche mhaith, Gabriel. Oíche mhaith, Gretta!"

"Oíche mhaith, Aunt Kate, agus go raibh míle maith agat. Oíche mhaith, Aunt Julia."

"Ó, oíche mhaith, Gretta, níor fhacas thú."

"Oíche mhaith, Mr D'Arcy. Oíche mhaith, Miss O'Callaghan."

"Oíche mhaith, Miss Morkan."

"Oíche mhaith, arís."

"Oíche mhaith agaibh uile. Slán abhaile."

"Oíche mhaith. Oíche mhaith."

Baí an mhaidin fós ina hoíche. Baí fáinne tláith solais buí os cionn na dtithe agus na habhann; shílfeá go rabh an spéir ag ísliú. Baí greallach sneachta fo chois; agus ní rabh acht stríoca agus paistí sneachta arna díontaibh, ar uchtbhallaibh na cé agus ar ráillibh na bhfoirgneamh. Caitheadar na lampaí a solas dearg aran n-aeir modartha i gcónaí, agus, trasna na habhann, taibhsigh pálás Theach na Cúirte go bagrach ag bun na spéire troime.

Baí sí ag siúl roimhe la Mr Bartell D'Arcy, a bróga i mbeart ndonn fo leath-ascaill léi agus a sciorta fillte suas ina lámhaibh ón tseachta choscartha. Ní rabh gotha na grástúlachta uirthi níos mó acht baí

loinnir an áthais fós i súilibh Gabriel. Sciurdann an fhuil ina tonntaibh trena chuisle: agus scinnid a chuid smaointe ar nós each alta tria intinn – smaointe bróid, áthais, ceana, gaiscíochta.

La héadroime a coisíochta roimhe, la dírí a droma léi, santaigh sé rith ionsuirthi os íseal do bheireadh ara guaillíbh uirthi dho rá ruda éigin baoith ceanúil ina cluais. A leochailí seo í leis go rabh fonn diabhalta air a cosaint ar rud éigin go mbeth sí leis féin. Cuimhní cinn dá saol rúnda la chéile, pléascaid fud fad a intinne mar a dhéanaidís réaltaí. Baí clúdach litreach ar dhath phlúr na gréine aran bhord in aice lana chupán bricfeasta agus baí sé á chuimilt lana lámh. Baí ceiliúr éanlaithe ag tuidheacht ón eidhneán agus spléach gréasán solais aran n-urlár óna cuirtínibh scáil: níor lig an t-áthas a ghoile leis agus níor bhlais sé oiread agus greim bidh. Bádar ina seasamh aran ardán phlódaithe. Cuireann sé ticéad i mbos teolaí a miotóige. Seas sé taobh léi fon aer fhuar agus é ag dearcadh isteach tre fhuinneog fo ghráta ar fhiur a bhaí ag déanamh buidéal i gcaor-thine. Baí fuacht nimhneach san aer. A haghaidh, a bhaí cumhra uaithi san aer fhuar, baí sách dlúth dá aghaidhse; agus glaonn sé de phreab aran fhiur agan fhoirnéis.

“An bhfuil an tine té, *sir*?”

Níor chuala an fear mar gheall ar fhuaim na foirnéise áfach. Maith mar a tharla. B’fhéidir go dtugadh sé freagra borb.

Brúchtann tonn eile lúcháire óna chroí, lúcháir níos muirní fós ná mar a bhaí, do scairdeadh bog te trena artairí. Mar a dhéanadh tine cheanúil réalta, blúirí dá saol la chéile, nach rabh a fhios ag duine ar bith eile fúthu agus nach mbeadh go deo, scalaid amach chun solais ina chuimhne. Ba mhéanar leis meabhrú na mblúirí seo dhi, la cur asa cuimhne dhi na blianta leamha dá saol mar chúpla pósta, go gcuimhneodh sí arna blúiríbh aoibhnis amháin. Mar na blianta, dar leis, níor chloíodar a anamsa ná a hanamsa. A muirín, scríbhneoireacht eisean, cúraimí an tí aicise, níor mhúchadar siúd glan amach tine cheanúil a n-anama. Litir amháin dár scríobh sé chuici san aimsir sin, dúirt sé: “Cén fáth gur leamh fuar liom focail mar seo? An é mar nach bhfuil focal ar bith sách muirneach mar ainm duit?”

Mar a bheidís ina gceol i gcéin, na focail seo a scríobh sé blianta roimhe, mothaíonn sé iad ag tuidheacht chuige ón tsaol a bhaí. Ba fhada leis go mbeidís leo féin la chéile. Nuair a bheidís na doíni eile imithe, nuair a bheadh seisean agus sise istigh ina seomra san óstán, ansin bheidís la chéile leo féin. Ghairfeadh sé uirthi go bog:

“Gretta!”

Seans nach gcloisfeadh sí é ar dtús: bheadh sí ag baint di a cuid éadaigh. Ansin rud éigin ina ghlór, rachadh sé i gcion uirthi. Ansin chasfadh sí timpeall agus dhearcfadh sí air...

Ag coirnéal Sráid an Fhíona tagaid ar charr. Baí sé buíoch dá ghliogarnach mar choisc sé é ar chomhrá. Baí sí ag féachaint amach trésan bhfuinneog agus baí cuma na tuirse uirthi. Níor labhradar na doíni eile acht corrfhocal: ag tarraingt airde ar fhoirgneamh nó ar shráid éigin dóibh. Treabh an t-each leis ar cosa in airde fo spéir mhodartha na maidine agus a shean-bhocsa gliogarnach á tharraingt i ndiaidh a shál aige, agus taibhsigh ócáid eile do Ghaibriéil: baí sé in aon chab léi arís agus an t-each ag dul ar cosa ina airde ag iarraidh thuidheachta agan bhád, ar cosa in airde dá Mí Meala.

Agus iad ag gabháil trasna Dhroichead Uí Chonaill, a deir Miss O’Callaghan:

“Deirtear nach trasnaítear Droichead Uí Chonaill riamh gan feiceáil capaill báin.”

“Feicim fear geal an uair seo,” a deir Gabriel.

“Cá háit?” a fhiafraigh Bartell D’Arcy.

Bagair Gabriel méar aran dhealbh, ara lonnaid geadáin sneachta. Ansin claon sé a cheann go teanntásach air agus ardaigh lámh leis.

“Oíche mhaith, Dan,” ar sé go meidhreach.

Iar dtarraingt chun stoptha don chab os comhair an óstáin, léim Gabriel amach agus íoc an dtiománaí, in ainneoin áitiú Mr Bartell D’Arcy. Tug scilling os cionn an táille don fhiur. Beannaigh an fear dó agus deir:

“Bliain Nua fo mhaise dhuit, *sir*.”

“Go mba é dhuitse,” ar Gabriel go cairdiúil.

Baineann sí taca as láimh leis ag tuirlingt den charr di agus arís ag seasamh ag ciumhais an chosáin ag fágáil ‘oíche mhaith’ lasan gcuideachta dhi. Ba éadrom a meáchan ara láimh leis, chomh héadrom lasan n-uain a dhamhsaigh sí leis cúpla uair roimhe seo. Baí bród agus áthas air ansin. Áthas air gur leis í, bród air dá grástúlacht agus dá hiompar mná pósta. Acht anois, tar éis spreagadh an oiread seo cuimhní, tar éis an chéad-tadhaill lana corp, a bhaí ceolmhar agus aduain agus cumhra, cuirid cíocras colainne tríd. Fo fhallaing a ciúnais, glacann sé chuige a lámh lana thaobh; agus, ag seasamh i ndoras an óstáin dóibh, feictear dó gur éilíodar óna saol agus óna ndualgasaibh, gur éalaíodar ón bhaile agaibh agus ó chairdibh agus gur theitheadar lana chéile go heachtra úrnua de chroíthibh fhiáinibh ghealgháireachaibh.

Baí seanfhear ag suanaíocht i gcochall-chathaoir mór sa halla. Las sé coinneal san oifig agus chuaigh rompu suas an staighre. Leanaid é fo thost agus cairpéad thiubh an staighre ag plúchadh torann na gcos. Téann sise suas staighre taobh thiar den doirseoir, a ceann fúithi, cromadh ina guallaibh caolaibh mar a bheth sí fo ualach, agus a gúna fáiscthe go teann uimpi. Ba í a chloch nirt gan caitheamh a lámh umna cromáin léi dá coinneáil, óir baí creathadh ina lámhaibh la teann dúile agus is é brú a ingne ara bhosaibh amháin a choinneáil guaime ar thaghd fhiáin a choirp. Fos an doirseoir aran staighre dho shocrú lasair chorrach a choinnle. Fosaid siúd arna céimeannaibh laistíos de. Sa chiúnas cloiseann Gaibriél sileadh na céarach meilte sa dtráidire agus tuargain a chroí ina chliubh.

Stiúr an doirseoir iad síos dorchla agus oscail doras. Ansin leag a choinneal shilteach anuas ar bhord mhaisiúcháin agus iar orthu cén t-am ar mhaith leo fáil glaoch maidine.

“Ag a hocht,” a deir Gabriel.

Bagraíonn an doirseoir ar lasc an tsolais leictrigh ag tabhairt fo mhonabhar de leithscéal dó acht téann Gabriel roimhe.

“Ní theastaíonn solas leictreach uainn. Is leor dúinn an solas isteach ón tsráid. Agus cogar,” a chuireas sé mar agús ag bagairt aran choinneal dó, “b’fhéidir go dtugtá leat an ngléas ngalánta sin, a dhuine chóir.”

Tógann an doirseoir a choinneal aníos ina ghlac arís, acht go siléigeach mar tá ionadh air faoi smaoineamh nár ghnách leis mar é. Ansin ceiliúrann díobh fona fhiacla agus imíonn leis. Cuireann Gabriel an mbolta i nglas.

Tál solas síofrúil isteach ón tsolas shráide ina gha fhada ó fhuinneoig go doras. Caith Gabriél a chóta mór agus a hata ar tholg agus trasnaigh an seomra gosan bhfuinneog. Dear amach síos uaidh aran sráid la súil go dtagadh maolú éigin ara chorraí. Ansin cas timpeall agus bain a thaca as cófra tarraiceán agus a dhroim lasan solas. Do bhain sí dhi a hata agus a clóca agus baí sí ina seasamh anois os comhair luasc-scátháin móir agus a básta á scaoileadh aici. Caitheann Gabriél scaitheamh dhá dearcadh go ndeir:

“Gretta!”

Tiontaíonn sí go mall ón scáthán agus siúlann chuige feadh an gha sholais. Le sollúntacht a dreacha, ní thagaid na focal thara bhéal la Gabriél. Ní seo an uain fós.

“Tá cuma na tuirse ort,” a deir sé.

“Go deimhin, tá beagán tuirse orm,” a fhreagraíos sí.

“Níl airír tinn nó lag?”

“Ní airím, tuirse dho airím, sin an méad.”

Téann sí don fhuinneoig agus seasann roimpi ag dearcadh amach. Fanann Gabriél ina thost arís agus ansin, la faitíos go bhfaigheadh éadánacht an ceann is fearr air, deir sé go tobann:

“Dála an scéal, Gretta!”

“Céard?”

“An bhfuil aithne agat aran dhiúlach bhocht sin, Malins?” ar sé go tobann.

“Tá. Céard faoi?”

“An créatúr, is amhlaidh gur duine cneasta é sa deireadh thiar thall,” a leanann Gabriél de ghuth nach leis é, shílfeá. “Tug sé ar ais dom an sabhran sin a thugas iasacht dó, agus ní rabh súil agam leis, i ndáiríre. Faraor nach bhfanann glan den Browne sin, óir níl aon dochar ann, i ndáiríre.”

Baí sé ar crith la fearg anois. Cad chuige go rabh sí chomh haduain? Níorbh fhios dó conas tosú. An rabh sise i bhfeirg, freisin, fo cheo éigin? Acht a dtugadh sí aghaidh air nó a dtiocadh chuige dá deoin féin! Ba bhrúidiúil breith uirthi do bhualadh craicinn léi mar a bhaí sí. Arú, caithfeadh sé feiceáil léas éigin foinn ina súil. Ba bhreá leis beith ina mháistir ara giúmar ait.

“Cathain ar thugais iasacht puint dó?” a fhiafraíos sí, tar éis nóiméid.

Staon Gabriél ar éigin ar spalpadh amach friotail fíochmhar fon Malins meisciúil agus fona phunt. Is é a theastaigh go géar uaidh, scairt uirthi óna anam, brú a coirp siúd i gcoinne a choirp-se, dul i gceannas uirthi. Acht is é a deir sé:

“Ó, fo Nollaig, nuair d’oscail sé an siopa mbeag cártaí Nollag ar Shráid Anraí.”

Ní chloiseann sé a tuidheacht ón fhuinneoig chuige agan spadhar feirge agus dúile air. Seasann sí roimhe ar feadh nóiméid, ag amhairc air go haisteach. Ansin, gan frapa gan taca seasann ar bharr na méar do ligean a lámh go héadrom ara ghualaíbh agus pógann é.

“Is duine an-fhial thú, Gabriel,” ar sí.

Ar crith la haoibhneas dó fona póg gan choinne agus fo dheismireacht a focail, leagann Gabriél a lámha ara gruaig dá slíocadh siar agus na méar ag baint léi ar éigean. Baí a chroí lán la háthas. Go díreach agus é ag tnúth leis, do tháinig sí chuige dá deoin féin. B’fhéidir go rabh sí ar aon intinn amháin leis féin ar feadh an achair. B’fhéidir gur thug sí fo deara an ndúil ndíocasach ann agus gur bhuail an fonn géillte í ansin. Anois ó ghéill sí chomh ceansa seo dhó, ní fheadair sé cén fáth an rabh sé chomh cotúil sin.

Seas sé ansin agus a ceann idir a dhá lámh. Ansin, iar síneadh leathlámh go héasca fona coim dó dá tarraingt chuige, deir de ghlór íseal:

“Gretta, a stór, céard atá i do chionn?”

Ní fhreagraíonn sí agus ní ghéilleann go hiomlán dá láimh. A deir sé arís, de ghlór íseal:

“Abair liom céard atá ort, Gretta. Tá barúil agam céard é. An bhfuil a fhios agam?”

Ní fhreagraíonn sí aran toirt. Ansin deir sí de racht goil:

“Ó, táim ag smaoineamh fon amhrán sin, *The Lass of Aughrim*.”

Briseann uaidh do rith chun na leapan go gcaitheann a lámha thar ráillí na leapan do cheilt a haghaidhe. Baí Gabriél ina staic iontais ar feadh nóiméid, agus lean í ansin. Ag dul tharsan scáthán mór luascach dhó fuair spléachadh ara scáil féin ó bhun go barr: ara chorp leathan agus ara bholg ag teannadh a léine, ara dhreach nár thuig sé riamh á fheiceáil dó i scáthán, agus ara spéaclaibh drithleachaibh gona bhfonsaibh óir. Seas cúpla coiscéim uaithi agus deir:

“Céard fon amhrán? Cén fáth go mbaineann sin gol díot?”

Ardaíonn sí a ceann os cionn a lámh dho thriomú a súl la droim a láimhe mar a dhéanfadh páiste. Labhair seisean de ghlór níos caoimhe ná ba mhian leis:

“Cén fáth, Gretta?” a fhiafraíos sé.

“Táim ag smaoineamh ar dhuine san aimsir chian a ghabhadh an n-amhrán sin.”

“Agus cérbh é an duine seo san aimsir chian?” a fhiafraíos Gabriel agus meangadh gáire air.

“Ba dhuine é ara mbíodh aithne agam i nGaillimh nuair a bhíos in aon tíos lamo mháthair mhór,” a deir sí.

Imíonn an gáire ó dhreich Gabriél. Tosaíonn fearg phlúchta ag aibiú i gcúl a chinn agus deargann meath-thinte na drúise ina féitheachaibh.

“Duine a bhís i ngrá leis?” a cheistíos sé go híorónta.

“Glas-stócach a bhíodh aithne agam air,” a fhreagraíos sí, “darb ainm Michael Furey. Do dheireadh sé an n-amhrán sin, The Lass of Aughrim. Baí sé an-leochaileach.”

Tost Gabriél. Níor mhaith leis go gceapadh sise go rabh suim aige sa bhuachaill leochaileach seo.

“Feicim go soiléir é,” a deir sí tar éis nóiméid. “Nach aigesean a bhádar súile: súile móra dorcha! Agus a leithéid de mhothúchán iontu – de mhothúchán!”

“Ó, is amhlaidh go rabhais i ngrá leis?” a deir Gabriél.

“Do shiúlainn amach leis,” a deir sí, “nuair a bhíos i nGaillimh.”

Sciurdann smaoineamh tré cheann Gabriel.

“B’fhéidir gur sin is údair lado rún dul go Gaillimh lasan Ivors sin?” a deir sé go fuar.

Amharcann sí air la hiontas:

“Cad chuige?”

Baí Gabriel i mbroid aga súilibh. Croitheann sé a ghuaillí go ndeir:

“Cá bhfios domsa? La tabhairt cuairte air, b’fhéidir.”

Iompaíonn sí na súile uaidh do dhearcadh gan focal suas an léas solais i dtreo na fuinneoige.

“Tá sé marbh,” ar sí ar deireadh. “Básaigh nuair a bhaí in aois a sheacht mbliana déag. Nach é an feall é fáil do bháis ag aois chomh hóg la sin?”

“Cérbh é a shlí bheatha?” a fhiafraigh Gabriél, go híorónta i gcónaí.

“Baí sé lasan monarcha gáis,” a deir sí.

Airigh Gabriél náirithe aga iarracht theipthe íoróine agus ag dúiseacht na taibhse seo as ríocht na marbh: glas-stócach lasan monarcha gáis. A fhad is a bhaí seisean lán de chuimhnibh cinn fona saol seirce la chéile, lán de ghrámhaireacht, d’áthas agus de dhúil inti, baí sise dá chur i gcomórtas la duine eile ina cionn. Taibhsíodh leis gurbh abhlóir é, giolla beag na siobála aga ainteannaibh, bogán faiteach, dea-mhéineach, maoithneach a thugadh óráid do thútachaibh agus a bhaineadh tátal idéalach asa dhrúis bhreallach féin, an diúlach baoth truamhéalach amaideach a bhfuair sé spléachadh air sa scáthán. Tug sé a dhroim lasan solas dá ainneoin féin ar fhaitíos go bhfeiceadh sí lasadh gorach na náire air.

Dein sé a dhícheall coinneáil air la ceastóireacht fhuar, acht nuair a labhair sé baí an umhlaíocht agus an réchúiseacht ina ghlór.

“Is dóigh go rabhais i ngrá leis an Michael Furey seo, Gretta,” a dúirt sé.

“Bhíos mór leis ag anam sin,” a deir sí.

Baí a guth cloíte ciachmhar. Iar dtuiscint do Ghabriél go mbeadh sé fánach air a tabhairt siúd ar a rabh leagtha amach aigesean, muirnigh leathlámh léi agus dúirt, go ciachmhar é féin freisin:

“Agus céard a thug a bhás dó aga óige sin d’aois, Gretta? Eitinn, arbh é?”

“Sílim gur bhásaigh de gheall ormsa,” a fhreagraigh sí.

Tagann scéin dhoiléir ar Ghabriél mar gheall aran fhreagra seo faoi mar, an uair a bhaí dóchas a bhuactha aige, faoi mar a chuireadh taise dhofheicthe agus fhaltanasach ina aghaidh agus í ag bailiú nirt ina aghaidh ina dhomhain dothuigthe. Acht caith sé asa chionn í le dua agus coinnigh air ag muirniú a láimhe. Ní cheistigh arís í óir meas go n-inseodh sí asa stuaim féin fúithi féin. Tá a lámh siúd bogthe agus tais: níor fhreagraigh sí dá láimhse acht lean sé air dá muirniú díreach mar a mhuirnigh a céad-litir chuige an mhaidin earraigh úd.

“Tarla sé sa gheimhreadh,” a deir sí, “tuairim is tús an gheimhridh nuair a bhíos ar tí fhágála tí mo mháthar móire dho thuidheacht soir anseo gosan gclochar. Agus baí sé tinn agan am ina lóistín agus ní ligfí saor é agus scríobhadh gona mhuintir. Baí sé ag meath, a dúradar, nó rud éigin mar sin. Ní rabh an scéal ar fad agam riamh.”

Stop sí ar feadh nóiméad do ligean osna.

“An créatúr,” a deir sí. “Baí an-chion aige orm agus ba é an láíocht féin é an buachaill sin. Do théimis amach la chéile, ag siúl, an dtuigir, Gabriel, mar a dhéantar fon tuath. Murach a shláinte, baí sé la dul ar staidéar na hamhránaíochta. Baí glór ar dóigh aige, Michel Furey bocht.”

“Sea; agus ansin?” a cheistigh Gabriél.

“Agus nuair a tháinig an t-am chun mo imeachta ó Ghaillimh do thuideacht don chlochar baí sé i bhfad níos measa agus ní ligfí dom a fheiceáil agus mar sin scríobhas litir chuige dho rá go rabhas ag dul soir go hÁth Cliath agus go mbeinn ar ais sa tsamhradh agus go rabh súil agam go mbeth sé níos fearr ansin.”

Stop sí ar feadh scaithimh do smachtú a glóir agus ansin lean uirthi:

“Ansin an oíche roimh m’imeachta bhíos i dtigh mo mháthar móire i nOileán nEaltanach, ag fáil mo thrunc éadaigh fo réir, agus chualas spallaí ag bualadh na fuinneoige. Óir nár léir dom mórán tresan bhfuinneog la méad na ndeor báistí uirthi, ritheas síos staighre gan mo ghléasadh gur éalaíos sa ngairdín ar chúl an tí agus seo mo dhuine bocht ag bun an ghairdín agus é ar crith la fuacht.”

“Agus nach ndúrais leis dul ar ais?” a fhiafraigh Gabriél.

“Impíos air dul abhaile tur te agus dúrais leis go bhfaigheadh a bhás agan bháisteach.

Acht dúirt liom nár bheo a bheo. Feicim a shúile anois féin féin. Baí sé ina sheasamh ag earr an bhalla, áit ina rabh crann.”

“Agus ar chuaigh abhaile?” a fhiafraigh Gabriel.

“Chuaigh, chuaigh abhaile. Agus ní rabhais acht seachtain sa chlochar gur básaigh agus cuireadh é in Uachtar Ard, áit a mhuintire. Ó, an lá a chualas sin, go rabh sé marbh!”

Bris a gol uirthi agus caith a haghaidh sa leaba la teann tochta ag gol sa *quilt*. Coinnigh Gabriél a lámh ina láimhse ar feadh nóiméid, la dóbartaíl, ansin, la faitíos cur isteach ara cumha, lig uaidh í go mall réidh gur siúl go ciúin don fhuinneoig.

Baí sí ag codladh go sámh.

A cheann ligthe la leathuillinn leis, amharc Gabriél gan fhaltanas ar feadh cúpla nóiméad ara gruaig stothallach agus ara béal faon-oscailte agus éist lana hanálú domhain. Do bhaí an rómáns sin ina saol aici más eadh: do thug fear a bhás féin i ngeall léi. Níor chuir sé isteach air mórán anois smaoineamh ar bhige na páirte a bhaí aige féin, a fear céile, ina saol. Breathnaigh sé uirthi agus í ina codladh faoi mar nár chaitheadar saol la chéile mar fhear chéile agus mar bhean chéile riamh. Lonnaíodar a shúile achar fada ara haghaidh agus ara gruaig: agus, ag samhlú dhó mar a bheth sí agan am sin, in aimsir a céad áilleacht gearrchaile, táinig trua ait, chairdiúil ina anam. Níor mhaith leis maíomh go fiú amháin dó féin nach rabh aghaidh sciamhach aici níos mó acht baí a fhios aige nach í a haghaidh aici anois an aghaidh ar thug Michael Furey dúshlán a bháis ara son.

B’fhéidir nár inis sí iomlán an scéil dó. Lonnaíodar a shúile aran chathaoir ar chaith sí roinnt dá cuid éadaigh uirthi. Baí a peireacót ar sliobarna go hurlár. Seas bútaise amháin agus a uachtar sleabhctha síos: baí a leathchúpla ina luí lana thaobh. B’ábhar iontais dó anois an chíréib mothúchán air leathuair an chlog roimhe. Cad as a d’eascraíodar? As suipéir a ainteanna, asa aitheasc leibideach féin, asan fhíon agus asan damhsa, asan phléaráca ag ceiliúradh dá ainteannaibh sa halla dhó, as sámhnas na siúlóide síos an abhainn fon tsneachta. *Aunt Julia* bhocht! Sise freisin, go luath bheadh sí ina taise, ina scáth mar aon la scáth Patrick Morkan agus a eich. Do chonaic sé an gcuma gcaite ina haghaidh agus í ag gabháil *Arrayed for the Bridal*. Go luath, b’fhéidir, bheadh sé ina shuí sa tseomra chaidrimh chéanna, éadaí dubha air, a hata síoda ara ghlúinibh. Bheidís na dallóga tarraingthe síos agus bheadh *Aunt Kate* suite taobh leis agus í ag gol agus ag sraothartach ina naipcín póca agus ag insint dó cén dóigh a fuair sí a bás. Shiortódh seisean a cheann ar thóir chúpla focal sóláis di, agus ní aimseodh acht ceanna gan brí gan dealramh. Sea go deimhin: tharlódh sin gan mhoill.

Mothaigh sé fuacht aer an tseomra ina ghualaibh. Téaltaigh sé go mall cáiréiseach fo bhraillíní na leapan go rabh sé sínte in aice lana bhean. Duine i ndiaidh duine bádar uile ag iompú ina scáthannaibh. Dul sa saol eile la gaisce agus lá crógacht, fo lán-ghlór corraíola éigin, ba níos fearr sin ná dul i léig agus i laige la haois. Smaoinigh sé fon mhnaoi sin, taobh leis, a choinnigh ina rún ina croí istigh íomhá sin shúile shearc a croí agus é ag insint di nach mian leis fanacht ina bheatha.

Líonadar súile Gabriél la deora móra groí. Níor mhothaigh sé mar sin fo mhnaoi ar bith é féin riamh acht tuig nár fholáir nó gur ghrá a leithéid sin de mhothúchán. Cruinníodar na deora go fras ina shúile agus sa bhreacdhorcadas facthas dó cruth an fhir óig ina sheasamh fon chrunn bháite. Bádar scáthanna eile i ngaire dhó. Baí a anam druidte lasan n-áit sin ina gcónaíd sluaite na marbh. Samhlaidh sé, acht níor thuig, a bhfoirmeacha luaineacha guagacha. Baí a thuiscint ar cé hé féin ag sleamhnú uaidh don domhain dofheicthe dothuigthe: an domhain réal féin inar mhaireadar agus inar thógadar clann, baí sé ag leá is ag laghdú uaidh.

> Tarraingíodar buailtí beaga aran fhuinneoig a aird. Do thosaigh sé ag cur sneachta arís. Dearc sé go codlatach arna calógaíbh ara gclaoin-titim, iad dorcha nó ar dhath an airgid fo sholas an lampa sráide. Baí sé i dtráth dhó dul ara thuras siar. Sea, baí an ceart agna pápéaraibh nuaíochta: baí sé ag cur sneachta ar fud fad na hÉireann. Baí ag titim ar fud an lár-mhá dhorcha, arna cnoic loma, baí ag titim go bog ar Mhóin Alúine agus, níos faide siar, baí ag bog-thitim i dtonnta ndorcha bhfealltacha na Sionainne. Baí ag titim, freisin, ar gach chearn den chill uaigneach aran chnoc inar cuireadh Michael Furey. Bádar muca móra dhe síobtha arna crosaibh claontaibh agus arna leacaibh cuimhneacáin, ar bhiorannaibh an gheata bhig agus arna dealgaibh lomaibh. Tit néal ara anam la bogfhuaim thitim an tsneachta trésan mbith, la titim bhog, mar thitim a ndeiridh is a n-éaga, aran bheo is aran mharbh tré chéile.

1 ***Miss Morkan:*** sloinne ársa Ceilteach nach fios go deimhin a chiall. Tá sé coitianta go leor sa Bhreatain Bheag. In Éirinn, is in oirthear agus i dtuaisceart na tíre is coitianta an sloinne. Morgan an litriú is coitianta air

2 **sheinneadh an n-orgán ar Bhóthar Haddington:** Agan aifreann in Eaglais Mhuire

3 **Oileadh san *Acadamy* í: Ceolacadamh Ríoga na hÉireann ar Rae an Iarthair**
Antient Concert Rooms: Téatar ceoil a d'oscail ar bhunaigh an Ceolacadamh é. Ina bhloc oifigí gnó anois. 42 Sráid an Phiarsaigh.

4 ***Kingstown:*** Dún Laoghaire. Cuireadh 'Kingstown' aran mbaile i 1821 la teacht an Rí George IV (luaitear eiseasn sa scéal Lá an Éidhneáin i Seomra an Choiste). Ath-bunaíodh a sheanainm Gaeilge i 1920 áfach. Ba é '*Dunleary*' a ainm oifigiúil roimh theacht an Rí. Tráthúil go leor, ba Rí é an Laoghaire féin a thug a ainm don bhaile (Laoghaire Mac Néill, Ard-Rí na hÉireann ó 428 go 458 A.D.)

5 **trí shiolla a chuir sí ara shloinne:** Is anglú ar Chonaire é *Conroy* (con + aire). Is dócha gur cuir sise Conaroy nó a leithéid ara shloinne mar iarsma den tsean-leagan air do bhí fós coitianta, is cosúil, i measc na hísealaicme.

6 **Na *Melodies*:** *Irish Melodies* la Thomas Moore (1779-1852). Amhráin náisiúnacha sách maoithneacha a bhádar go mór san fhaisean agan am agus foinn cheoil a dhéanas athshamhlú ar sheanfhoinn thraidisiúnta Éireannacha.

7 ***Christy Minstrels:*** Grúpa fuirseoirí grinn. *White men* a chuiridís smideadh dubh orthu féin agus a dhéanaidís aithris gháifeach ar *blacks. Goloshes*, meabhraid *gollwogs* do Gretta

8 ***Gresham*:** óstán galánta mór la rá

9 ***Quadrilles:*** is válsa í an chuadraill a bhaí déanta de shraith rincí tuaithe ar cuireadh galamaisíocht orthu. Baí idir cheithre agus sé rince tuaithe sa tsraith. Baí sé san fhaisean ag cóisiribh na n-uaisle ar feadh tréimhse caoga bliain nó mar sin ren chéad-chogadh domhanda.

10 ***beirt phrionsa... sa Túr:*** Túr Londan. Tachtadh mic Éadbhard IV ann timpeall 1483. Déantaí go leor canbhás den bheirt seo sna bliantaibh 1800. Níl dóthain fianaise ann a chruthódh gurbh é a n-athair féin a chur chun báis iad, acht is cinnte gur réitigh a mbás a thuidheachtsa i gcoróin.

11 ***tabinet:*** éadach déanta as meascán olla agus síoda. Cosúil la poiplín

12 **scáthán piara:** scáthán mór ard. Ba mhinic a chrochtaí é sa spás idir dhá fhuinneog

13 **culaith *man-o'-war:*** bríste fada agus hata mairnéalaigh leathanduilligh tuí (foinse: wiktionary)

14 ***Les Lanciers:*** rince na lansaí. Rince cearnógach. Leagan eile den chuadraill.

15 ***Daily Express:*** nuachtán Sacsanach. Scríobh Joyce féin léirmheasanna leabhar don pháipéar idir na blianta 1902 agus 1904

16 ***Kathleen Kearney:*** an í seo pearsa céanna sa scéal 'An Mháthair' i. iníon na máthar ann?

17 **An Trí Suáilce:** Miotas Gréagach (*Χάριτες / Khárites* sa tSeanGhréigis). An triúr bandéithe Niamhracht, Suáilceas agus Fleáchas ar deirfiúracha iad.

18 ***Paris:*** Miotas Gréagach (*Πάρις* sa tSeanGhréigis). Prionsa as Traí. An triúr bandéithe Hera, Athena agus Aphrodite, cuirid togh na mná is dóighiúla dhíobh féin air. Deir seisean gur Aphrodite is spéiriúla dhíobh. Tá Cogadh na Traí mar thoradh indíreach ar rogha Paris (gealann Aphrodite an mbean is sciamhaí ar domhan dó (Héilin na Sparta/ na Traí) má thoghann sé ise den triúr sa chomórtas scéimhe seo).

19 **Cóirithe don Bhainis:** *Arrayed for the Bridal*. Amhrán Anglaise la George Linley bunaithe ar radharc den cheoldráma Iodálach *I Puritani* (Na Piúratánaigh) le Vincenzo Bellini ina chanas an bhrídeach Elvira agus í ag triall na caille uirthi féin: "*Son vergin vezzosa...*" (is maighdean mhánla mé). Tá an ceoldráma seo, Na Piúratánaigh, suite sa choimhlint idir Mhaolchinn *Cromwell* agus Dhílseoirí an Rí Séarlas I

20 **Cnoc *Melleray*:** *Mount Melleray Abbey.* Mainistir Chistéirseach sa Screathan, Port Láirge (gar do Cheapach Choinn). Bonnaíodar Manaigh Éireannacha, Breatnacha agus Francacha í nuair a ruaigeadh asa mainistir féin sa Fhrainc iad in aimsir Réabhlóid na Fraince. Is í an mhainistir seo a bhaí sa Fhrainc, an *Abbaye Notre-Dame de Melleray, Pays de la Loire* (ba chuid den Briotáin an réigiún seo nuair do bunaíodh an mainistir). Is í sin a thug a hainm don mhainistir nua in Éirinn.

21 **...nár labhraíodar na manaigh riamh... chuadar do luí ina gcónraí:** tosaíonn a lá le hurnaí ag 04:30 agus fanaid na manaigh ina dtost an oiread agus is féidir la linn a ndualgas laethúil. Ar ndóigh, ní chodlaid i gcónraibh!

22 ***Paris*:** Féach fonóta 153

23 ***The Lass of Aughrim*:** Bruinneall an Eachroma. Is é sin, Eachroim in oirthear na Gaillimhe, láthair an chatha mhóir. Eachroim = each + 'roim (droim i. iomaire). Leagan Éireannach é an fonn seo ar *The Lass of Loch Royal*.